2025/2333

20.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2333 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 11 Deireadh Fómhair 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Greenwood Consortium ('an gearánach') isteach an 27 Lúnasa 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal sraithadhmaid crua-adhmaid an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus an díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3140 ón gCoimisiún ([3]) ('an Rialachán maidir le clárú'), chuir an Coimisiún allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid faoi réir a gcláraithe.

1.3. Bearta sealadacha

(4) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, an 12 Bealtaine 2025, thug an Coimisiún achoimre ar na dleachtanna beartaithe do na páirtithe, agus thug sé sonraí dóibh faoi ríomh na gcorrlach dumpála agus na gcorrlach ar leor iad chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna laistigh de 3 lá oibre. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

(5) An 10 Meitheamh 2025, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1139 ón gCoimisiún ([4]) ('an Rialachán sealadach'), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála sealadacha ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil hallmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2024/6048, 11.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6048/oj .
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3140 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena gcuirtear allmhairí sraithadhmaid chrua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir clárú (IO L 2024/3140, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3140/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1139 ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 10.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1139/oj).

1.4. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(6) Tar éis nochtadh na mbunfhíoras agus na mbunbhreithnithe ar ar a mbonn a forchuireadh dleacht frithdhumpála shealadach ('nochtadh sealadach'), Comhlachas Tionscail Táirgí Foraoise Náisiúnta na Síne ('CNFPIA') a dhéanann ionadaíocht thar ceann dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, lena n-áirítear an chuideachta Pizhou Jiangshan Wood ('Jiangshan Wood'), comhlachas *ad hoc* a dhéanann ionadaíocht ar sheacht dtáirgeoir onnmhairiúcháin ('Líon Airithe Táirgeoirí Onnmhairiúcháin Comhoibríocha' nó 'CEP'), comhlachas *ad hoc* de 28 dtáirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne ('comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin' nó 'an comhlachas'), an gearánach, an t-úsáideoir Keflico A/S ('Keflico'), an t-allmhaireoir neamhchomhlachaithe Questwood sp. z.o.o ('Questwood'), an mórdhíoltóir agus allmhaireoir neamhchomhlachaithe Ljungberg Fritzoe AB ('Ljungberg Fritzoe'), chomh maith le comhlachas *ad hoc* d'allmhaireoirí agus úsáideoirí neamhchomhlachaithe de chuid an Aontais, an Chomhghuaillíocht um Leas Trádála Sraithadhmaid ('PTIA'), cónaidhm na n-allmhaireoirí, na miondíoltóirí agus na mórdhíoltóirí neamhchomhlachaithe, Cónaidhm Trádála Adhmaid na hEorpa ('ETTF') agus comhlachas mórdhíoltóirí, miondíoltóirí agus allmhaireoirí neamhchomhlachaithe de chuid na Gearmáine, Gesamtverband Deutscher Holzhandel ('GD Holz'), chuir siad aighneachtaí i scríbhinn isteach inar cuireadh a dtuairimí in iúl maidir leis na torthaí sealadacha laistigh den sprioc-am dá bhforáiltear le hAirteagal 2(1) den Rialachán sealadach ([5]).

(7) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht. Reáchtáladh éisteachtaí leis an ngearánach, PTIA, CNFPIA, comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, agus Jiangshan Wood. Chuir PTIA coimre isteach i ndiaidh na héisteachta freisin. Ina theannta sin, d'iarr PTIA éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta. Thug an tOifigeach Éisteachta éisteacht le PTIA i scríbhinn agus reáchtáladh éisteacht ina dhiaidh sin, tar éis iarraidh bhreise a fháil, an 16 Deireadh Fómhair 2025, mar a mhínítear in aithris (11) thíos.

(8) Lean an Coimisiún air ag lorg agus ag fíorú na faisnéise uile a mheas sé a bheith riachtanach dá gcinntí críochnaitheacha. Agus an Coimisiún ag teacht ar a thorthaí cinntitheacha, mheas sé na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus rinne sé athbhreithniú ar a chonclúidí sealadacha i gcás inarbh iomchuí.

(9) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Sine ('an nochtadh deiridh'). Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(10) Tar éis an nochta deiridh, fuair an Coimisiún barúlacha ó chomhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, CEP, CNFPIA, Jiangshan Wood, PTIA, an táirgeoir onnmhairiúcháin Xuzhou Saintland Wood Inc ('Saintland Wood') agus Andrex B.V. ('Andrex'), allmhaireoir agus dáileoir páirteanna spártha agus ábhar coimeádán, lena n-áirítear urláir coimeádán déanta as sraithadhmad crua-adhmaid. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sna ranna faoi seach thíos.

(11) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht freisin. Tionóladh éisteachtaí le Jiangshan Wood an 9 Deireadh Fómhair 2025 agus le PTIA an 13 Deireadh Fómhair 2025. Ina theannta sin, d'iarr PTIA idirghabháil ón Oifigeach Éisteachta maidir leis an gceart éisteacht a fháil ón Oifigeach Éisteachta, an ceart chun córa comhionainne, an ceart chun barúil a thabhairt agus fianaise a chur isteach; an ceart chun rochtain a fháil ar chomhad oscailte, an ceart go gcuirfí ar an eolas é faoi na príomhfhíorais agus na príomhbhreithnithe ar ar bhunaigh an Coimisiún Eorpach a thorthaí agus an ceart chun dea-riaracháin ([6]). Tionóladh an éisteacht an 16 Deireadh Fómhair 2025. Níor iarr an tOifigeach Éisteachta aon ghníomhaíocht leantach eile tar éis na héisteachta a tionóladh le PTIA an 16 Deireadh Fómhair 2025. An 21 Deireadh Fómhair 2025, d'iarr Jiangshan Wood éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta freisin. Níorbh fhéidir freastal ar an iarraidh ar éisteacht ós rud é gur tháinig sí lasmuigh de na sprioc-amanna a shonraítear i Ranna 5.7 agus 11 den fhógra tionscnaimh agus, ós rud é gur cuireadh an iarraidh isteach go déanach, níor ceadaíodh idirghabháil an Oifigigh Éisteachta.

1.5. **Maímh maidir le tionscnamh**

(12) Tar éis nochtadh sealadach, mhaígh PTIA gur sáraíodh a chearta cosanta mar gheall ar láimhseáil rúnda an ghearáin. D'áitigh PTIA nach raibh aon phunann táirgí sonrach ag na gearánaigh lenar féidir tosca díobhála aonair a shainaithint agus gur léirigh an fíoras nár chuir an Coimisiún sonraí díobhála tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais i láthair i raonta sa Rialachán sealadach go raibh cur i bhfeidhm na rúndachta ag céim an ghearáin míréasúnta.

([5]) Chuir Cónaidhm Trádála Adhmaid na Spáinne ('AEIM') litir isteach lenar thacaigh siad le seasamh PTIA, ach níor chláraigh siad mar pháirtí leasmhar. Thug Baukrane, ar úsáideoir é, barúlacha ach níor chláraigh sé mar pháirtí leasmhar.

([6]) t25.009783, Roinn: Nós imeachta.

(13) Maidir le hargóint PTIA go sáraíonn láimhseáil rúnda na sonraí trí innéacsú i raonta sa ghearán cearta cosanta PTIA, diúltaíodh don argóint sin toisc gur cuireadh sonraí a bhaineann le táirgeadh, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, costas táirgthe, díolacháin, sócmhainní agus fostaíocht i láthair i raonta sa ghearán, ach bhí an t-innéacs ábhartha lenar léiríodh a n-athrú céatadáin ag gabháil leis na sonraí sin i gcónaí, áfach. Tríd na sonraí a láimhseáil ar an mbealach sin, baineadh cothromaíocht leordhóthanach amach idir cearta an ghearánaigh maidir le láimhseáil rúnda a chuid sonraí is íogaire agus ceart cosanta na bpáirtithe leasmhara. Ina theannta sin, is sainphribhléid de chuid na bpáirtithe leasmhara san imeacht é a iarraidh go gcaithfí i modh rúin lena sonraí íogaire, i.e. a gcur i láthair trí úsáid a bhaint as raonta. D'iarr na gearánaigh é tráth an tionscnaimh agus ghlac an Coimisiún leis, mar gheall ar chineálacha sonracha táirgí a bheith ag na gearánaigh, i.e. a bpunanna táirgí sonracha a d'fhágfadh go bhféadfaí sonraí íogaire de chuid cuideachta a shainaithint fiú dá mbeadh siad comhiomlánaithe. Ag an gcéim shealadach, níor iarr táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais go gcaithfí i modh rúin lena sonraí. Dá bhrí sin, in éagmais eilimintí nua eile, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí agus a chonclúidí in aithris (9) den Rialachán sealadach.

(14) Tar éis an nochta shealadaigh, lean PTIA de bheith ag cur i gcoinne ionadaíochas an ghearáin agus d'iarr sé ar an gCoimisiún ríomh a sheasaimh a nochtadh.

(15) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí maidir leis an seasamh in aithris (13) den Rialachán sealadach. Cuireadh an nóta maidir leis an seasamh ([7]) leis an gcomhad oscailte an lá a tionscnaíodh an cás. Bhí liosta de tháirgeoirí agus comhlachais de chuid an Aontais a ndeachaigh an Coimisiún i dteagmháil leo ann. Níor sonraíodh sa nóta figiúirí táirgeachta agus díolacháin na dtáirgeoirí aonair. D'fhéadfaí na sonraí sin, a cuireadh i láthair i raonta, a fháil sna freagraí aonair arna dtabhairt agus an ionadaitheacht á scrúdú ([8]). Nochtadh go mion sa nóta an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an seasamh a ríomh de bhun Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Go sonrach, bhí táirgeoirí de chuid an Aontais a thacaíonn go sainráite leis an ngearán freagrach as níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil a tháirgeann tionscal an Aontais. Thacaigh táirgeoirí de chuid an Aontais leis an ngearán a raibh aschur comhchoiteann acu níos mó ná 50 % de tháirgeadh iomlán an táirge chomhchosúil a tháirgeann an chuid sin de thionscal an Aontais a chuireann in iúl go dtacaíonn siad leis an ngearán nó go gcuireann siad ina aghaidh. Níor tháinig aon táirgeoir a chuir i gcoinne an ghearáin chun cinn le linn an bhuanchleachtaidh. Ar mhaithe le trédhearcacht, nocht an Coimisiún freisin go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais a thacaíonn go sainráite leis an ngearán freagrach as thart ar 25 go 30 den táirgeacht iomlán dá dtagraítear thuas. Dá réir sin, diúltaíodh don iarraidh. Thug an Coimisiún dá aire nár chuir PTIA aon fhianaise shubstainteach ar fáil a léirigh an easpa seasaimh a bhí ag na gearánaigh.

(16) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA an athuair nár nocht an Coimisiún sonraí táirgthe atá beacht go leor lenar féidir seasamh na ngearánach a ríomh. Mhaígh PTIA nach raibh údar le sonraí ábhartha a nochtadh i raonta i gcás sonraí a bhaineann le naoi ngearánach.

(17) Nocht an Coimisiún na figiúirí táirgthe i raonta chun rúndacht na faisnéise dílsithe íogaire sin a chosaint. Lean an Coimisiún an nós imeachta caighdeánach in imscrúduithe frithdhumpála trí fhaisnéis den sórt sin a nochtadh i raonta. Ní dhéanann an líon cuideachtaí a dhéanann gearán difear d'oibleagáid an Choimisiúin faisnéis íogair a chosaint. Thug an Coimisiún dá aire arís, d'ainneoin na maíomh maidir le seasamh a athdhéanamh, nár chuir PTIA aon fhianaise isteach a léirigh nach raibh seasamh ag na gearánaigh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(18) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA gur thug an Coimisiún neamhaird ar fhaisnéis chriticiúil a bhaineann le leas an Aontais ag an gcéim shealadach toisc nár chuir sé san áireamh le linn a mheasúnaithe shealadaigh aighneacht PTIA an 15 Eanáir 2025 ([9]) lenar bréagnaíodh na frithargóintí a chuir an gearánach isteach ([10]) tar éis bharúlacha PTIA maidir leis an tionscnamh ([11]). D'áitigh PTIA nár chaill sé an spriocdháta chun na sonraí atá i gceist a chur isteach ach, mar argóint chúltaca, thagair sé do chásdlí EDT ([12]), agus d'áitigh sé nach féidir neamhaird a thabhairt go huathoibríoch ar fhaisnéis a cuireadh isteach tar éis an sprioc-ama.

([7]) t24.008384.
([8]) Féach mar shampla t24.008226 i gcás Panguaneta.
([9]) t25.000896.
([10]) t25.000277.
([11]) t24.009472, t24.010197 agus t24.040502.
([12]) *Appellate Body Report, US – Hot-Rolled Steel,* mír 77., *Appellate Body Report, US – Hot-Rolled Steel,* míreanna 74 agus 77; féach freisin Cás T-633/11, Guangdong Kito Ceramics agus Eile v. an Chomhairle (míreanna 70-91)

(19) Maidir le hargóint PTIA gur chomhlíon a fhrisnéis ar fhrisnéis Greenwood Consortium ar bharúlacha na bpáirtithe leasmhara an sprioc-am, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i bhfianaise an tsoiléirithe a cuireadh ar fáil maidir leis an sprioc-am chun comhdú páirtithe eile a bhréagnú, go bhfuil an argóint sin mícheart.

(20) Ina theannta sin, agus thar aon rud eile, níor thug an Coimisiún neamhaird ar shubstaint na frisnéise sin. Rinneadh na maímh maidir le leas an Aontais, a chuir PTIA isteach an 25 Samhain 2024 ([13]) agus an 3 Eanáir 2025 ([14]), a scrúdú trí anailís chríochnúil a dhéanamh ar leasanna aicmí éagsúla úsáideoirí agus trí thagairt shonrach a dhéanamh do thuairim PTIA in aithrisí (355) agus (362) den Rialachán sealadach.

(21) In aithrisí (7) go (9), (12) agus (13) den Rialachán sealadach, agus in aithris (15) thuas, tugadh aghaidh ar an argóint san aighneacht dá dtagraítear in aithris (18), maidir leis an easpa seasaimh atá ag tionscal an Aontais agus rúndacht iomarcach na ríomhanna seasaimh a d'ardaigh PTIA cheana féin san aighneacht uaidh an 25 Samhain 2024 ([15]) agus an 3 Eanáir 2025 ([16]). In aithrisí (54) go (56) den Rialachán sealadach, tugadh aghaidh ar an argóint maidir le conclúidí an Choimisiúin agus na Cúirte i ndáil leis an raon táirgí san imscrúdú ar shraithadhmad beithe ón Rúis ([17]) a ardaíodh cheana féin in aighneachtaí PTIA an 25 Samhain 2024 ([18]) agus an 3 Eanáir 2025 ([19]). In aithrisí (59) agus (60) den Rialachán sealadach, tugadh aghaidh ar an iarraidh ar eisiamh táirgí sraithadhmaid scannán-chlúdaithe a d'ardaigh PTIA cheana féin an 24 Deireadh Fómhair 2024 ([20]), an 18 Samhain 2024 ([21]) agus an 3 Eanáir 2025 ([22]). In aithrisí (61) agus (62) den Rialachán sealadach, tugadh aghaidh ar an iarraidh ar eisiamh táirgí sraithadhmaid crua-adhmaid eocalaipe a d'ardaigh PTIA cheana féin an 24 Deireadh Fómhair 2024 ([23]), an 18 Samhain 2024 ([24]), an 25 Samhain 2024 ([25]) agus an 3 Eanáir 2025 ([26]). In aithrisí (63) agus (64) den Rialachán sealadach, tugadh aghaidh ar an iarraidh ar eisiamh táirgí le haghaidh sraithadhmad a bhfuil sraitheanna seachtracha 0,3 mm nó níos lú air, chomh maith le sraithadhmad tanaí dar tiús níos lú ná 6 mm, a ardaíodh cheana an 24 Deireadh Fómhair 2024 ([27]), an 18 Samhain 2024 ([28]), an 25 Samhain 2024 ([29]) agus an 3 Eanáir 2025 ([30]). In aithrisí (65) agus (66) den Rialachán sealadach, tugadh aghaidh ar an iarraidh ar eisiamh táirgí le haghaidh sraithadhmad ar a bhfuil veiníríi a ndearnadh innealtóireacht orthu a cuireadh isteach cheana féin an 24 Deireadh Fómhair 2024 ([31]), an 18 Samhain 2024 ([32]), an 25 Samhain 2024 ([33]) agus an 3 Eanáir 2025 ([34]). Tugadh aghaidh ar an iarraidh ar eisiamh speiceas trópaiceach, a cuireadh isteach cheana féin an 3 Eanáir 2025 ([35]), in aithrisí (75) agus (76) den rialachán sealadach.

(22) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA gur comhdaíodh a aighneacht an 15 Eanáir 2025 laistigh den sprioc-am a leagadh síos, i.e. an 25 Meitheamh 2025, an sprioc-am chun barúil a thabhairt maidir le nochtadh na dtorthaí sealadacha ([36]), mar atá i Roinn 7 den Fhógra Tionscnaimh. Mhaígh PTIA, ós rud é go raibh faisnéis nua san aighneacht sin, nár tháinig sé faoin sprioc-am 75 lá chun barúlacha a chur isteach maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach ([37]).

([13]) t24.010502.
([14]) t25.000176.
([15]) Féach fonóta 13.
([16]) Féach fonóta 14.
([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1930 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí de shraithadhmad beithe de thionscnamh na Rúise, (IO L 394, 9.11.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1930/oj).
([18]) Féach fonóta 13.
([19]) Féach fonóta 14.
([20]) t24.009472.
([21]) t24.010197.
([22]) Féach fonóta 14.
([23]) Féach fonóta 20.
([24]) Féach fonóta 21.
([25]) Féach fonóta 13.
([26]) Féach fonóta 14.
([27]) Féach fonóta 20.
([28]) Féach fonóta 21.
([29]) Féach fonóta 13.
([30]) Féach fonóta 14.
([31]) Féach fonóta 20.
([32]) Féach fonóta 21.
([33]) Féach fonóta 13.
([34]) Féach fonóta 14.
([35]) Féach fonóta 14.
([36]) Roinn 7 den fhógra tionscnaimh, féach fonóta 2.
([37]) Roinn 8 den fhógra tionscnaimh, féach fonóta 2.

(23) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc gurbh é 'Frisnéis na Comhghuaillíochta um Leas Trádála Sraithadhmaid ar bharúlacha na nGearánach' teideal aighneacht PTIA an 15 Eanáir 2025 ([38]), a rinne tagairt shoiléir do bharúlacha a cuireadh isteach maidir leis an bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach, is é sin an gearánach, agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir an sprioc-ama 75 lá a leagtar amach i Roinn 8 den fhógra tionscnaimh.

(24) Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún gurbh é 70 lá tar éis an tionscnaimh an sprioc-am chun aon fhaisnéis a chur isteach sular forchuireadh bearta sealadacha, rud a bhí níos giorra ná an sprioc-am 75 lá chun barúlacha a chur isteach maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach ([39]). Bhí maíomh PTIA gur féidir faisnéis fhíorasach nua a chur isteach go dtí deireadh an sprioc-ama chun barúlacha a chur isteach maidir le nochtadh na dtorthaí sealadacha gan beann ar na sprioc-amanna atá i Roinn 8 den fhógra tionscnaimh mícheart. D'áitigh PTIA, ós rud é gurbh é an spriocdháta deiridh chun faisnéis nua a chur isteach deireadh na tréimhse le haghaidh barúlacha maidir le bearta sealadacha, go bhféadfaí aighneacht a dhéanamh tráth ar bith fad a bhí faisnéis nua ann. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc gur leagadh amach go soiléir i Roinn 7 den fhógra tionscnaimh an sprioc-am 70 lá tar éis thionscnamh na n-aighneachtaí don chéim shealadach.

(25) Thug an Coimisiún dá aire freisin, murab ionann agus an maíomh a rinne PTIA, nach raibh aon fhaisnéis nua ina aighneacht an 15 Eanáir 2025. Sa roinn dar teideal 'Maímh Imchéimnithe Líomhnaithe' ([40]), ní dhearna PTIA aon mhaíomh ná níor chuir sé aon fhianaise isteach maidir le faireachán a dhéanamh ar shraithadhmad cruaadhmaid ar a bhfuil sraith sheachtrach thanaí de bhogadhmad, féach aithris (382) den Rialachán sealadach. Ina ionad sin, d'áitigh sé i gcoinne chlárú n-allmhairí maidir le táirgí nach dtagann faoin raon táirgí atá ann faoi láthair agus d'iarr sé ar an gCoimisiún raon feidhme an táirge a shainiú gan débhrí. Ní raibh aon bhunús fíorasach leis an tsaincheist maidir le clárú táirgí nach dtagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe, níor ardaíodh í agus, dá bhrí sin, ní raibh sí ábhartha don chás seo. Sainmhíníodh gan dé bhrí raon feidhme an táirge san fhógra tionscnaimh freisin ([41]).

(26) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA nár chuir an Coimisiún substaint a mhaíomh ó aighneacht an 15 Eanáir 2025 san áireamh.

(27) D'athdhearbhaigh an Coimisiún a ráitis in aithrisí (20) agus (21), maidir leis an gcaoi a gcaitear le maímh shubstainteacha ábhartha PTIA. Is frithfhrisnéis ar fhrisnéis an ghearánaigh a comhdaíodh an 20 Nollaig 2024 í aighneacht PTIA atá i gceist ([42]), rud a bhréagnaíonn aighneacht PTIA agus páirtithe leasmhara eile a rinneadh ó tionscnaíodh an t-imscrúdú. Ina fhrithfhrisnéis, bhí raon feidhme PTIA teoranta do na saincheisteanna a bhí sa doiciméad a chuir an gearánach isteach a bhí teoranta é féin do shaincheisteanna a d'ardaigh PTIA cheana féin in aighneachtaí roimhe sin (an 24 Deireadh Fómhair 2024 ([43]), an 18 Samhain 2024 ([44]) agus an 25 Samhain 2024 ([45])). Dá bhrí sin, bhí frithfhrisnéis PTIA teoranta de réir sainmhínithe do shoiléirithe breise do mhaímh a rinneadh cheana.

(28) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA nár chuir an Coimisiún an fhaisnéis atá sna hIarscríbhinní a ghabhann le haighneacht an 15 Eanáir 2025 san áireamh.

([38]) Féach fonóta 9.

([39]) 'Aon fhaisnéis le haghaidh chéim na dtorthaí sealadacha, ba cheart í a chur isteach laistigh de 70 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra seo, mura sonraítear a mhalairt.
Mura sonraítear a mhalairt, níor cheart do na páirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua a chur isteach tar éis an sprioc-ama do bharúlacha maidir le nochtadh na dtorthaí sealadacha nó maidir leis an doiciméad faisnéise ag céim na dtorthaí sealadacha. Tar éis an sprioc-ama sin, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua a chur isteach ach amháin más féidir leo a léiriú go bhfuil gá leis an bhfaisnéis fhíorasach nua sin chun líomhaintí fíorasacha a rinne páirtithe leasmhara eile a bhréagnú agus ar choinníoll gur féidir an fhaisnéis fhíorasach nua sin a fhíorú laistigh den am atá ar fáil chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil.' Fógra tionscnaimh, Roinn 7, Línte 1 agus 2, féach fonóta 2.

([40]) Aithris 29-45, féach fonóta 9.

([41]) Roinn 2 den fhógra tionscnaimh, féach fonóta 2.

([42]) Féach fonóta 10.

([43]) Féach fonóta 20.

([44]) Féach fonóta 21.

([45]) Féach fonóta 13.

(29) Chinn an Coimisiún, go háirithe, gurbh eol cheana féin substaint na tuarascála feidhmíochta a cuireadh isteach mar iarscríbhinn ina léirítear an difríocht sa cháilíocht idir sraithadhmad scannán-chlúdaithe a tháirgtear sa tSín agus a tháirgtear san Aontas agus gur tugadh aghaidh uirthi in aithrisí (59) agus (60) den Rialachán sealadach. Bhí substaint na fianaise a cuireadh isteach maidir leis an teorannú ar tháirgeadh sraithadhmaid tanaí ag tionscal an Aontais ar eolas cheana féin agus rinneadh tagairt di in aithrisí (63) agus (64) den Rialachán sealadach. San aighneacht uaidh an 25 Samhain 2024 ([46]), thagair PTIA do na 'litreacha tacaíochta' ó chuideachtaí de chuid an Aontais cheana féin mar 'níos mó ná 100 litir thacaíochta'. Dá bhrí sin, b'eol gurbh ann dóibh. Ina theannta sin, bhí na litreacha tacaíochta uile bunaithe ar theimpléad agus ardaíodh na pointí céanna iontu. Cuireadh cur i gcoinne na gcuideachtaí is sínitheoirí san áireamh cheana féin agus measúnú á dhéanamh ar leas an Aontais, féach aithris (20).

(30) D'áitigh PTIA gur cheart don Choimisiún a lánrogha a fheidhmiú agus gan dleachtanna sealadacha a bhailiú toisc go bhféadfaí na bearta a neamhniú mar gheall ar an neamhrialtacht a bhaineann leis na cearta chun cosanta, i.e. an fhaillí a rinne 140 cuideachta i litreacha freasúra ag an gcéim shealadach.

(31) Mheas an Coimisiún go ndearna sé anailís chríochnúil ar na maímh uile a rinne PTIA a bhaineann le leas an Aontais ag an gcéim shealadach, féach aithris (20). Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

1.6. **Sampláil**

1.6.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(32) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr PTIA míniú ar an bhfáth nár cuireadh UPM ná Latvijas Finieris sa sampla.

(33) Dheimhnigh an Coimisiún na cúiseanna leis an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais a roghnú mar a leagtar amach in aithris (27) den Rialachán sealadach.

1.6.2. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil*

(34) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir Comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, CEP agus CNFPIA in aghaidh chinneadh an Choimisiúin deireadh a chur leis an sampla agus Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm agus thug siad barúlacha maidir leis an modh chun an dleacht iarmharach a bhunú, ar a dtugtar aghaidh i Roinn 3.5.2. Tar éis an nochta deiridh, chuir Comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin an maíomh isteach arís, ar tugadh aghaidh air thíos sa Roinn seo.

(35) Mheas CEP nach bhféadfaí cur i bhfeidhm na bhfíoras a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le páirtithe a chuir bac ar an imscrúdú d'aon ghnó, a choinnigh siar an fhaisnéis ba ghá nó a dhiúltaigh oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún. Mheas sé freisin gur chuir an Coimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm go míchuí, toisc nach ndearna neamh-chomhoibriú dhá chuideachta shampláilte difear do sheasamh dlíthiúil na n-onnmhaireoirí comhoibríocha neamhshampláilte sa chiall nár chaill na páirtithe a seasamh mar pháirtí comhoibríoch. Dar leis, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir seasamh na gcuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte agus seasamh na bpáirtithe neamh-chomhoibríocha. Thairis sin, ós rud é gur chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte sin foirmeacha samplála isteach go cuí inar tuairiscíodh na sonraí uile, d'áitigh sé go bhféadfadh an Coimisiún brath ar na sonraí sin chun ráta dleachta a chinneadh le haghaidh na bpáirtithe comhoibríocha sin go sonrach. Ar an mbonn sin, d'iarr CEP ar an gCoimisiún dleachtanna éagsúla a fhorchur ar Jiangshan Wood, ar tháirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte agus ar deireadh, ráta dleachta amháin a fhorchur orthu siúd nár ghlac páirt san imscrúdú nó nár chuir iad féin in aithne don Choimisiún.

([46]) 'Mar thoradh ar na bearta, cuirfidh cuideachtaí iomadúla, idir allmhaireoirí/trádálaithe agus úsáideoirí deiridh, stop a chur lena n-oibríochtaí ós rud é nach féidir dleacht a d'fhéadfadh a bheith idir 89 % agus 335 % a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí. Tugtar faoi deara go bhfuil níos mó ná 100 litir thacaíochta faighte againn ó chustaiméirí allmhaireoirí. Is iad sin siopaí miondíola, siopaí DFÉ, siopaí adhmaid, cuideachtaí tógála, cuideachtaí ábhar pacáistithe agus troscáin sa Bheilg, sa Fhrainc, san Ísiltír, sa Ghearmáin, in Éirinn agus i Lucsamburg a chuireann i gcoinne dleachtanna a fhorchur ós rud é go gcuirfidh dleachtanna teorainn lena dtairiscint táirgí agus go gcuirfidh siad a gcorrlaigh faoi chois. Cuirfimid na litreacha tacaíochta faoi bhráid an Choimisiúin ar leithligh.', aithris 149, féach fonóta 13.

(36) D'áitigh comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin gur léirigh cinneadh an dá chuideachta a sampláladh ach nár chomhoibrigh (Xuzhou Shengfeng Wood Co., Ltd agus Xuzhou Hongxin Wood Co., Ltd) a roghanna aonair agus nach bhféadfaí é sin a chur i leith táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a chuir foirmeacha samplála isteach go cuí agus a chuir in iúl go raibh siad toilteanach oibriú i gcomhar. Dá bhrí sin, mheas sé gur ghníomh lánroghnach é cinneadh an Choimisiúin éirí as an tsampláil toisc nach raibh aon bhunús fíorasach ann na cuideachtaí a ainmniú mar chuideachta 'neamh-chomhoibríoch'. Thairis sin, d'áitigh an comhlachas nach raibh feidhm ag cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán ach amháin maidir le cuideachtaí a dhiúltaíonn rochtain ar an bhfaisnéis is gá nó a chuireann bac suntasach ar an imscrúdú ar bhealach eile, rud nárbh amhlaidh sa chás seo - chuir na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte freagraí samplála isteach, bhí siad ar fáil lena roghnú féideartha, agus níor chuir siad bac ar an bpróiseas.

(37) D'áitigh an comhlachas freisin gur thug Airteagal 9(6) den bhun-Rialachán agus Airteagal 9(4) de Chomhaontú Frithdhumpála EDT sainordú don Choimisiún an dleacht iarmharach a ríomh bunaithe ar mheán ualaithe na gcorrlach dumpála a suíodh le haghaidh na n-onnmhaireoirí sampláilte, cé is moite d'aon chorrlach nialais nó *de minimis* agus corrlaigh bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Mhaígh sé nach raibh aon bhunús dlí ag dearbhú an Choimisiúin go raibh údar le hAirteagal 9(6) a thréigean toisc nach raibh ach cuideachta shampláilte amháin ann. D'áitigh sé nár foráladh leis an mbun-Rialachán ná le Comhaontú Frithdhumpála EDT eisceacht d'onnmhaireoir sampláilte amháin, agus gur imeacht radacach ón dlí agus cleachtas seanbhunaithe a bhí i gceist le 'fíorais a bhí ar fáil' a chur i bhfeidhm maidir le honnmhaireoirí comhoibríocha neamhshampláilte, rud a d'fhág go raibh dleachtanna pionósacha neamhionadaíocha ann. Ní hamháin gur mheas an comhlachas gur sháraigh an cur chuige sin an bun-Rialachán agus Comhaontú Frithdhumpála EDT, ach d'áitigh sé freisin nach raibh sé cothrom gur caitheadh go comhionann le cuideachtaí comhoibríocha agus neamh-chomhoibríocha.

(38) Ar na cúiseanna thuasluaite, d'iarr an comhlachas ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte uile a chúlghairm. D'iarr sé ar an gCoimisiún freisin an ráta dleachta iarmharach a athríomh bunaithe ar chorrlach dumpála na dtáirgeoirí comhoibríocha sampláilte amháin.

(39) Níor aontaigh an Coimisiún leis na maímh sin ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, trí na foirmeacha samplála a chur isteach, chuir na cuideachtaí sampláilte in iúl go raibh siad toilteanach comhoibriú leis an imscrúdú. De réir Airteagal 17 den bhun-Rialachán, ní mór don Choimisiún, i gcomhar leis na páirtithe, sampla a roghnú a bhí bailí ó thaobh staidrimh de, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil tráth an roghnúcháin, nó ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó de tháirgeacht, díolacháin nó onnmhairí is féidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den am atá ar fáil. Mar a luaitear in aithris (38) den Rialachán sealadach, tar éis gur theip ar cheann amháin as dhá chuideachta shampláilte comhoibriú, theip ar an gcuideachta bhreise a roghnaíodh comhoibriú trí mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe, agus i bhfianaise sprioc-amanna nós imeachta a bhaineann leis an imscrúdú frithdhumpála, ní raibh am leordhóthanach ann chun cuideachta nua a áireamh sa sampla. Toisc nár chomhoibrigh cuideachtaí a gheall é sin a dhéanamh ar dtús, bhí tionchar aige sin ar shláine an phróisis samplála agus ní raibh aon rogha eile ag an gCoimisiún ná éirí as an tsampláil.

(40) Ar an dara dul síos, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir dleacht le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a chinneadh bunaithe ar fhoirmeacha samplála amháin, ós rud é go raibh an fhaisnéis a soláthraíodh san fhoirm shamplála an-teoranta agus nár bhain sí ach leis an bpraghas onnmhairiúcháin agus an méid onnmhairiúcháin. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí corrlach dumpála a chinneadh ar an mbonn sin, toisc nach raibh aon fhéidearthacht ann an fhaisnéis sin a fhíorú ach oiread.

(41) Ar deireadh, d'easaontaigh an Coimisiún freisin go raibh an cinneadh éirí as an tsampláil neamhdhleathach. Os a choinne sin, sonraítear in Airteagal 6.10 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT agus in Airteagal 17 den bhun-Rialachán nach mór sampla a bheith bailí ó thaobh staidrimh de, nó a bheith bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó de tháirgeacht, díolacháin nó onnmhairí. Dá bhrí sin, ní mór don sampla a bheith ionadaíoch go leor ionas go mbeidh an corrlach dumpála arna bhunú ar an mbonn sin ionadaíoch ar na hallmhairí uile chuig an Aontas. Mar sin féin, tar éis do dhá cheann de na táirgeoirí a sampláladh ar dtús scor de bheith ag comhoibriú, níor fágadh ach cuideachta amháin, Jiangshan Wood, mar pháirtí comhoibríoch as na páirtithe sampláilte. An sampla a bhí comhdhéanta de chuideachta amháin nach raibh freagrach ach as thart ar 5 % de na honnmhairí iomlána ón tSín chuig an Aontas, mheas an Coimisiún nach raibh an sampla sin ionadaíoch go leor agus, dá bhrí sin, d'éirigh sé as an tsampláil, ach ríomh sé dleacht aonair le haghaidh Jiangshan Wood. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún go raibh údar leis an gcinneadh éirí as an tsampláil, agus nach bhféadfaí a mheas go bhfuil staid Jiangshan Wood ionadaíoch do staid táirgeoirí onnmhairiúcháin eile. Mheabhraigh an Coimisiún freisin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 18 i gcásanna ina ndiúltaíonn páirtithe rochtain d'aon ghnó, ach i gcásanna nach soláthraíonn páirtithe an fhaisnéis is gá laistigh de na teorainneacha ama arna soláthar ag an gCoimisiún freisin. Dá bhrí sin, mheas sé go raibh údar le 'fíorais a bhí ar fáil' a chur i bhfeidhm sa chás sonrach seo agus go raibh sé i gcomhréir le hAirteagal 17(4) den bhun-Rialachán.

(42) Tar éis an nochta deiridh, chuir comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, CEP agus Saintland Wood barúlacha isteach maidir le sampláil. D'athdhearbhaigh comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin gur earráidí dlíthiúla tromchúiseacha a bhí i gcinneadh an Choimisiúin Airteagal 18 a chur i bhfeidhm maidir le honnmhaireoirí comhoibríocha neamhshampláilte, agus éirí as an tsampláil, ar earráidí iad a rinne saobhadh ábhartha ar thoradh an imscrúdaithe agus a sháraigh oibleagáidí bunúsacha faoi rialacháin an Aontais agus faoi Chomhaontú Frithdhumpála EDT. D'áitigh sé (1) nach raibh seasamh an Choimisiúin nach raibh am leordhóthanach ann chun cuideachta nua a áireamh sa sampla áititheach ná ábhartha maidir leis an gcaoi a gcaitear le honnmhaireoirí neamhshampláilte, (2) nár scaoileadh an Coimisiún ón oibleagáid caitheamh le honnmhaireoirí comhoibríocha neamhshampláilte i gcomhréir leis an mbun-Rialachán agus le Comhaontú Frithdhumpála EDT mar gheall gur theip ar chuideachtaí áirithe comhoibriú, agus go raibh (3) an t-ualach a bhaineann le sprioc-amanna nós imeachta agus an próiseas samplála a bhainistiú ar an gCoimisiún. D'áitigh an comhlachas freisin go raibh an míniú ón gCoimisiún nach bhféadfadh sé dleacht a chinneadh do na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha bunaithe ar fhoirmeacha samplála amháin lochtach agus neamhréireach le ceanglais an Choimisiúin féin, ós rud é gur chomhlánaigh onnmhaireoirí na foirmeacha samplála i gcomhréir iomlán le treoracha an Choimisiúin sa cheistneoir. D'áitigh sé freisin go bhfuil dearbhú an Choimisiúin go bhfuil sciar 5 d'allmhairí chuig an Aontas neamhionadaíoch *per se* ag teacht salach go díreach ar loighic bhreithiúnas Hitit Seramik ([47]), inar cinneadh gur leor sciar 6 den mhéid táirgeachta.

(43) D'athdhearbhaigh an Coimisiún gur chomhlíon cur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán an bun-Rialachán agus Comhaontú Frithdhumpála EDT araon. Tagraíonn Airteagal 18 den bhun-Rialachán do chásanna nach gcuireann páirtithe an fhaisnéis is gá ar fáil laistigh de na teorainneacha ama arna soláthar ag an gCoimisiún. Ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le cé acu a bhí nó nach raibh am leordhóthanach ann chun táirgeoir onnmhairiúcháin eile a áireamh sa sampla i bhfianaise imthosca sonracha gach imscrúdaithe, agus sa chás áirithe seo, dá gcuirfí cuideachtaí nua leis an sampla, ní bheadh an Coimisiún in ann an t-imscrúdú a thabhairt i gcrích go tráthúil. Braitheann an cinneadh i dtaobh an bhfuil sampla ionadaíoch ar roinnt tosca amhail ionadaíochas i dtéarmaí éagsúlacht na dtáirgí, mhéid an tionscail agus go leor tosca eile, agus tá sé le cur san áireamh ar bhonn cás ar chás i ngach imscrúdú. Dá bhrí sin, ós rud é gur measadh i gcás eile go raibh sampla de tháirgeoirí a raibh céatadán comhchosúil de mhéid táirgeachta acu ionadaíoch, níor bhréagnaigh sé sin conclúid an Choimisiúin a bhí bunaithe ar imthosca an cháis seo. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún go raibh údar maith le héirí as an sampla agus na 'fíorais a bhí ar fáil' a chur i bhfeidhm sa chás sonrach sin.

(44) Tar éis an nochta chinntithigh, cheistigh CEP go ndearnadh stádas na bpáirtithe comhoibríocha eile mar chuideachtaí comhoibríocha a bhaint díobh agus gur éiríodh as an tsampláil toisc nár chomhoibrigh na cuideachtaí sampláilte. D'áitigh CEP gur chuir an Coimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán i bhfeidhm go mícheart ós rud é gur tháinig roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin chun cinn agus go raibh coinne acu go ndéanfaí iad a shampláil. De réir CEP, i gcás ina gcomhoibríonn dhá cheann de na trí tháirgeoir agus ina bhfaigheann siad corrlach nialasach nó *de minimis*, chaithfí leis na cuideachtaí neamhshampláilte mar chuideachtaí comhoibríocha agus ní bheadh an dleacht a bheadh mar thoradh air sin chomh pionósach sin. Mheas CEP freisin gur riail eisceachtúil í an tsampláil i gcoitinne i gcomparáid leis an méid a chuirtear i bhfeidhm go ginearálta in imscrúduithe caighdeánacha. D'áitigh sé nár cheart difear a dhéanamh do pháirtithe a chuir foirm shamplála isteach agus a fuair an stádas comhoibríoch gan beann ar cé acu ar éirigh an Coimisiún as an tsampláil nó nár éirigh, agus gur cheart na páirtithe sin a bheith faoi réir na dleachta céanna leis an bpáirtí comhoibríoch.

(45) Thagair an Coimisiún dá mhíniúcháin thuas sa roinn seo maidir leis an bhfáth ar ghá dó éirí as an tsampláil. Mheas sé nach raibh an dleacht a bhí mar thoradh air sin éagórach agus go raibh an mhodheolaíocht chun an dleacht dumpála a shonraítear i Roinn 3.5.2 thíos a shuí i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le sonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin uile. Mheas sé gur mhodh réasúnta agus cruinn é sin chun an corrlach dumpála a shuí le haghaidh gach allmhaire eile, agus d'athdhearbhaigh sé nach bhféadfadh sé an corrlach dumpála le haghaidh gach allmhaire eile a bhunú ar shonraí cuideachta amháin nár measadh go raibh a hallmhairí isteach san Aontas ionadaíoch ar na hallmhairí uile chuig an Aontas, agus ar na sonraí sin amháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh.

([47]) Féach Hitit Seramik Sanayi ve Ticaret AŞ v. an Coimisiún Eorpach, Cás T-230/23, ECLI:EU:T:2025:579, Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Tríú Dlísheomra) (an 11 Meitheamh 2025).

(46) Tar éis an nochta deiridh, ba chúis aiféala do Saintland Wood nár roghnaíodh é le bheith mar chuid den sampla agus nár cuireadh aon táirgeoirí breise leis an sampla tar éis do dhá chuideachta scor den chomhar, rud a tharla, dar leis, mar gheall ar a n-easpa tuisceana ar dhlí an Aontais. Luaigh an chuideachta freisin gur sampláladh a máthairchuideachta 20 bliain ó shin in imscrúdú inar roghnaíodh sé táirgeoir, i gcomparáid le dhá táirgeoir sa chás reatha, agus dá bhrí sin, cheistigh sí ar tháinig athrú ar rialacha maidir le sampláil.

(47) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an tsampláil fós bunaithe ar an airteagal céanna den bhun-Rialachán (Airteagal 17) nár athraigh ó thaobh substainte de, agus go mbraitheann líon na gcuideachtaí sampláilte ar imthosca gach cáis ar leith. Sa chás sonrach sin, measadh go raibh an sampla tosaigh de dhá chuideachta ionadaíoch. Mar a mhínítear in aithris (39) den Rialachán sealadach, ós rud é go gcaithfí 30 lá eile ar a laghad a thabhairt d'aon chuideachta nua sa sampla chun freagra a thabhairt ar an gceistneoir, thiocfadh an freagra níos mó ná 2 mhí tar éis an sprioc-ama a soláthraíodh ar dtús agus, dá bhrí sin, i bhfianaise sprioc-amanna nós imeachta, measadh nach raibh am leordhóthanach ann chun cuideachta nua a roghnú. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur theip ar Saintland Wood iarratas a dhéanamh ar chóir aonair de bhun Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán trí fhreagra iomlán ar an gceistneoir a chur isteach laistigh den sprioc-am a d'fhorchuir an Coimisiún. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(48) In éagmais barúlacha maidir le freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (40) go (43) den Rialachán sealadach.

(49) Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe de chuid an Aontais:

— Groupe ISB, Bruz, an Fhrainc ('ISB')

— Altripan B.V., Antuairp, an Bheilg ('Altripan').

1.8. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(50) Mar a shonraítear i Roinn 1.7 den Rialachán sealadach, chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

(51) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA arís agus arís eile, lena n-áirítear trí mhaímh an ghearánaigh a bhréagnú, go raibh raon feidhme ginearálta an cháis seo róleathan, toisc nach féidir sraithadhmad a tháirgtear as péine, poibleog, feá, beith agus gabúnach a ghrúpáil faoi shainiú táirge aonair. Thagair siad do thorthaí an Choimisiúin sa chás maidir le sraithadhmad crua-adhmaid beithe ón Rúis ([48]) agus d'áitigh siad gur iarradh i dtorthaí an Choimisiúin san imeacht sin ar dheighilt shoiléir idir sraithadhmad beithe, sraithadhmad poibleoige, sraithadhmad gabúnaigh agus sraithadhmad feá, i.e. speicis chrua-adhmaid. Bhí an deighilt sin oibiachtúil agus níorbh fhéidir é a athrú. D'áitigh PTIA gur luaigh an Coimisiún féin go sainráite nach bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag speicis éagsúla sraithadhmaid ([49]).

([48]) Féach fonóta 17.
([49]) Idem, aithris 26.

(52) Dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí in aithrisí (55) agus (56) den Rialachán sealadach maidir leis an bhféidearthacht raon feidhme an imscrúdaithe a shainiú bunaithe ar chritéir oibiachtúla mar chatagóir táirgí an tsraithadhmaid crua-adhmaid a úsáidtear go ginearálta agus go forleathan. Go háirithe, in aithris (55) den Rialachán sealadach , '[c]hinn an Coimisiún gurbh é toisc shainiúil an táirge atá faoi imscrúdú san imscrúdú seo go bhfuil an veinír thosaigh déanta as crua-adhmad, seachas bogadhmad, táirgí adhmaid eile nó plaisteach'. Thug an Coimisiún dá aire gur úsáid allmhaireoirí neamhchomhlachaithe iad féin, a bhí ina mbaill de PTIA, catagóir táirgí an tsraithadhmaid crua-adhmaid seachas sraithadhmad bogadhmaid ina mbróisiúir díolacháin ([50]). Chomh maith leis sin, tá difríochtaí idir caighdeáin táirgí Eorpacha i gcás sraithadhmaid crua-adhmaid agus sraithadhmaid bogadhmaid ([51]). Athneartaíodh sraithadhmad crua-adhmaid mar chatagóir táirgí dea-shainithe ar leithligh atá bunaithe ar bhuntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha coiteanna atá éagsúil le sraithadhmad bogadhmaid le haicmiú custaim sraithadhmaid ina chatagóirí buaircíneacha (bogadhmad) agus neamhbhuaircíneacha (crua-adhmad) ([52]).

(53) Mheabhraigh an Coimisiún freisin, de réir cásdlí socair, 'agus an táirge lena mbaineann á shainiú aige, go bhféadfaidh an Coimisiún roinnt tosca a chur san áireamh, amhail saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha na dtáirgí, a n-úsáid, a n-inmhalartacht, an dearcadh atá ag tomhaltóirí air, bealaí dáileacháin, an próiseas monaraíochta, costais táirgthe agus cáilíocht' ([53]). Fuarthas amach in imscrúdú an Choimisiúin go raibh ardleibhéal comóntachta ar fud na gcineálacha táirgí i dtéarmaí fhormhór na saintréithe thuasluaite, lena n-áirítear, sa bhreis ar shaintréithe coiteanna fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha, a n-úsáid, a n-idirmhalartacht, an dearcadh atá ag tomhaltóirí orthu, bealaí dáileacháin agus an próiseas monaraíochta.

(54) Ina theannta sin, d'aimsigh an Coimisiún línte deighilte soiléire idir crua-adhmad agus bogadhmad. Tá dlús níos airde ag an gcuid is mó de chrua-adhmaid ná an chuid is mó de bhogadhmaid. Tá ráta fáis níos moille ag crua-adhmad. Níl bogadhmad chomh dó-obacht céanna. Tá snáithe feiceálach i gcrua-adhmaid atá éagsúil le snáithe éadrom bogadhmaid. Bíonn crua-adhmaid crua agus marthanach i gcomparáid le bogadhmaid atá bog agus inoibrithe, rud a mbíonn tionchar aige ar a n-úsáid. I bhfianaise na n-eilimintí sin, diúltaíodh don mhaíomh a chuir PTIA ar aghaidh.

(55) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh PTIA gur bhréagnaigh an táirge faoi imscrúdú torthaí an Choimisiúin agus na Cúirte sa chás maidir le sraithadhmad beithe ón Rúis. Chun tacú leis an argóint sin, mhaígh PTIA, murab ionann agus ráitis an Choimisiúin in aithrisí (52) go (54) thuas, nár bhain ach cuid de tháirgeoirí an Aontais úsáid as an idirdhealú idir sraithadhmad crua-adhmaid agus sraithadhmad bogadhmaid ina mbróisiúir dhíolacháin agus nach raibh sé ábhartha gurbh ann do chaighdeáin táirgí Eorpacha éagsúla le haghaidh bogadhmaid agus crua-adhmaid, cosúil leis an aicmiú custaim éagsúil le haghaidh crua-adhmaid agus bogadhmaid, toisc go ndéanann cóid chustaim tuilleadh idirdhealú idir táirgí de réir na speiceas adhmaid a úsáidtear. D'áitigh PTIA freisin go raibh na difríochtaí i saintréithe speiceas bogadhmaid agus crua-adhmaid, a liostaítear in aithris (54), neamhábhartha freisin.

(56) Dheimhnigh an Coimisiún na hargóintí a leagtar amach in aithrisí (52) go (54) thuas chun sraithadhmad crua-adhmaid a shainaithint mar chatagóir uathúil táirgí ar leith is féidir a shainmhíniú mar raon feidhme imscrúdaithe frithdhumpála bunaithe ar shaintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha, chomh maith leis an dearcadh atá ag an tionscal agus ag tomhaltóirí air. Chinn an Coimisiún gur bhain allmhaireoir sampláilte de chuid an Aontais, ar comhalta de PTIA é, úsáid freisin as an gcatagóir táirgí 'sraithadhmad crua-adhmaid' ar a shuíomh gréasáin ([54]). Dúirt an Coimisiún freisin gur shainigh údaráis cosanta trádála eile raon feidhme imscrúduithe frithdhumpála áirithe mar shraithadhmad crua-adhmaid, agus cás de chuid na Stát Aontaithe maidir le Táirgí áirithe Sraithadhmaid Crua-adhmaid ó Dhaon-Phoblacht na Síne á lua aige ([55]) chomh maith le cás Ceanada maidir le sraithadhmaid maisiúil agus neamhstruchtúrach eile lena sainítear raon feidhme an táirge trí úsáid a bhaint as tagairt do Chaighdeán Náisiúnta Mheiriceá maidir le Crua-adhmad agus Sraithadhmad Maisiúil, ANSI/HPVA HP-1-2016 ([56]). I ndáil leis an argóint sin, thagair an Coimisiún don imscrúdú atá ar siúl faoi láthair ar allmhairí sraithadhmaid bogadhmaid ón mBrasaíl ([57]), inar sainmhíníodh raon feidhme an táirge mar phríomhchatagóir eile an tsraithadhmaid: sraithadhmad bogadhmaid. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

([50]) https://www.sinbpla.fr/produits/panneaux-dagencement, https://fokuspremium.eu/kategorie/sklejki-dla-branzy-meblowej/, https://www.frischeis.at/shop/platte/sperrholz-platte~c14208283.

([51]) EN 635-2 Plywood - Classification by surface appearance - Part 2 : Hardwood, EN 635-3 Plywood - Classification by surface appearance - Part 3: Softwood.

([52]) RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2364 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, (OJ L, 2023/2364, 31.10.2023, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2364/oj).

([53]) E.g., breithiúnais an 2 Deireadh Fómhair 2024, Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha (CCCME) agus Eile v an Coimisiún Eorpach, Cás T-263/22, ECLI:EU:T:2024:663, mír 294; an 13 Meán Fómhair 2010, Whirlpool Europe v an Chomhairle, T-314/06, EU:T:2010:390, mír 138; an 17 Nollaig 2010, *EWRIA agus Eile* v an Coimisiún, T-369/08, EU:T:2010:549, mír 82.

([54]) E.g. Duroform, sraithadhmad crua-adhmaid ardcháilíochta, Meraform Indo, sraithadhmad crua-adhmaid ardcháilíochta, https://www.altripan.com/en/products.

([55]) ROINN TRACHTÁLA NA STÁT AONTAITHE, Údarás Trádála Idirnáisiúnta [A–570–051] *Certain Hardwood Plywood Products From the People's Republic of China: Initiation of Less-Than-Fair-Value Investigation, Federal Register / Vol. 81, No. 242 / Friday, December 16, 2016 / Notices 91125*.

([56]) https://www.cbsa-asfc.gc.ca/sima-lmsi/i-e/donp2020/donp2020-in-eng.html#toc3-1.

([57]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí sraithadhmaid bogadhmaid de thionscnamh na Brasaíle, (IO C, C/2025/1490, 6.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1490/oj).

2.1. **Iarrataí ar eisiamh an raoin feidhme**

(57) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA gur comhartha é gur dhiúltaigh an Coimisiún dá iarraidh ar eisiamh an raoin feidhme 'in abairt amháin go dhá abairt' 'nár thug an Coimisiún aird chuí ar an bhfaisnéis a chuir PTIA i láthair'.

(58) Mheabhraigh an Coimisiún gurb é an rud is tábhachtaí ná substaint na frisnéise seachas a fad agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na barúlacha a fhrisnéis ar bhealach iomchuí. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

(59) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA gur chinn an Coimisiún sa chás maidir le sraithadhmad crua-adhmaid beithe ón Rúis ([58]) nach bhfuil na buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag sraithadhmad atá déanta as speicis chrua-adhmaid éagsúla agus gur thacaigh an Chúirt Ghinearálta leis an gcinneadh sin ina breithiúnas Vyatsky Plywood Mill v an Coimisiún ([59]). D'áitigh PTIA go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe ar na fíorais agus earráid dlí.

(60) Thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh sin go páirteach in aithris (52). Ina theannta sin, níor léirmhínigh an Coimisiún na fíorais ná an dlí i gcontrárthacht lena thorthaí roimhe seo sa chás maidir le sraithadhmad crua-adhmaid beithe ón Rúis toisc nár chinn sé riamh gurb ionann beith agus cineálacha eile sraithadhmaid crua-adhmaid. In aithris (55) den Rialachán sealadach, cinneadh gur féidir '*idirdhealú a dhéanamh idir [sraithadhmad crua-adhmaid] agus táirgí eile trína shaintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha, lena n-áirítear roinnt fochatagóirí freisin (cineálacha táirgí)*'. An toradh sin agus an ráiteas gur féidir le sraithadhmad crua-adhmaid beithe, ann féin, a bheith ina fhochatagóir de shraithadhmad crua-adhmaid atá éagsúil le sraithadhmad crua-adhmaid eile a d'fhéadfadh a bheith ina raon feidhme imscrúdaithe frithdhumpála, ní raibh siad contrártha. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

(61) Tar éis an nochta chinntithigh, d'áitigh CEP gur sainíodh an raon táirge ar bhealach róleathan, agus go ndearna an Coimisiún neamhaird de na difríochtaí substaintiúla idir sraithadhmad a rinneadh ó speicis éagsúla crann.

(62) In éagmais aon fhianaise tacaíochta, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh agus thagair sé dá chonclúid in aithris (56).

2.1.1. *Sraithadhmad eocalaipe*

(63) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA, ETTF agus GD Holz ([60]) gur cheart sraithadhmad eocalaipe a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe, toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann sraithadhmad eocalaipe ón tSín a ionadú ós rud é nach raibh go leor táirgthe agus go leor amhábhair, is é sin lomáin eocalaipe, ar fáil san Aontas. Níorbh fhéidir plandálacha a leathnú toisc go raibh toirmisc sa Spáinn agus sa Phortaingéil ar a méid a mhéadú. Thug PTIA dá aire nach dtairgeann ach trí tháirgeoir de chuid an Aontais táirgí atá bunaithe ar eocalaipe. D'áitigh PTIA freisin nach bhfuil eocalaip a fhástar san Eoraip oiriúnach do tháirgeadh sraithadhmaid. Dúirt Keflico freisin gur bhain táirgeadh sraithadhmaid eocalaipe san Aontas beagnach go hiomlán le sraithadhmad ardghráid, agus nár táirgeadh gráid níos ísle.

(64) Dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí maidir leis an iarraidh ar shraithadhmad eocalaipe a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe in aithris (62) den Rialachán sealadach ar an bhforas, mar a aithníonn PTIA féin, go dtairgeann trí tháirgeoir de chuid an Aontais ar a laghad táirgí i gcás ina n-úsáidtear eocalaip don veinír sheachtrach. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár thacaigh fianaise i dtéarmaí ganntanais soláthair leis na maímh a bhaineann leis an easpa táirgthe agus amhábhar. D'áitigh PTIA go bhfuil táirgeadh eocalaipe san Aontas bunaithe go príomha ar amhábhar allmhairithe agus d'aimsigh an Coimisiún fianaise go bhfuil veinírí allmhairithe á n-úsáid ag táirgeadh na Síne freisin, mar a mhínítear in aithris (246), rud a bhaineann an bonn den mhaíomh maidir leis an easpa infhaighteachta ar amhábhar san Aontas, seachas i nDaon-Phoblacht na Síne. Ina theannta sin, san aighneacht uaidh, dheimhnigh Keflico inmhalartacht sraithadhmaid eocalaipe agus beithe ([61]) i dtionscal na pacáistíochta, rud a bhréagnaigh an maíomh go bhfuil sraithadhmad crua-adhmaid a tháirgtear san Aontas i ndeighleog éagsúil den mhargadh ná sraithadhmad eocalaipe a allmhairítear ón tSín. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([58]) Féach fonóta 17.

([59]) AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Séú Dlísheomra), 11 Meán Fómhair 2024, Cás T-32/22, ECLI:EU:T:2024:617, mír 50.

([60]) Chuir AEIM maíomh ar eisiaimh isteach freisin maidir le sraithadhmad eocalaipe ach níor chláraigh sé mar pháirtí leasmhar.

([61]) 'Tá ardú praghsanna roimh chustaiméirí ó cuireadh toirmeasc ar shraithadhmad ón Rúis/ón mBealarúis. Chuidigh sraithadhmad eocalaipe na Síne iarbhír le maireachtáil thionscal na pacáistíochta. Ní trí réiteach níos saoire a thairiscint, ach mar rogha mhalartach ar allmhairí neamhdhleathacha beithe ón Rúis (ach sin scéal eile).' t25.006761.

(65) Thairis sin, mheas an Coimisiún maidir leis an sainmhíniú ar an táirge lena mbaineann, i.e. crua-adhmad a dhéantar ó speicis áirithe a eisiamh, mar shampla, eocalaip, nach critéar ábhartha é cumas thionscal an Aontais an sraithadhmad eocalaipe a allmhairítear ón tSín a ionadú ina iomláine. Measadh, áfach, go raibh an argóint ábhartha sa mheasúnú ar leas an Aontais. Dá réir sin, thug an Coimisiún aghaidh ar an tsaincheist in aithrisí (245) agus (246) freisin.

(66) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA gur dhiúltaigh an Coimisiún dá iarraidh ar shraithadhmad eocalaipe a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe gan cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt lena thorthaí. D'athdhearbhaigh PTIA nach raibh fianaise sa chomhad oscailte a léiríonn go raibh tionscal an Aontais ag táirgeadh sraithadhmad eocalaipe i méideanna tráchtála.

(67) Diúltaíodh don argóint toisc go raibh tagairtí dá raon táirgí, lena n-áirítear sraithadhmad eocalaipe ([62]), sna freagra ó Panguaneta ([63]) agus Garnica ([64]) araon ar an gceistneoir, a cuireadh ar an gcomhad oscailte.

(68) Thairis sin, ós rud é gur táirgeadh monaróirí sraithadhmaid crua-adhmaid ar ordú, ní raibh aon stoc le stóráil ionas gurbh ionann méid táirgeachta tráchtála sraithadhmaid eocalaipe i mbliain ar leith agus an méid a d'ordaigh tomhaltóirí. Mar a luaitear in aithris (64), i bhfianaise trádáil dhomhanda veinírí eocalaipe a dhéanann táirgeoirí sa tSín agus san Aontas araon, níor chuir infhaighteacht amhábhair le haghaidh sraithadhmaid eocalaipe teorainn mhór leis an méid a d'fhéadfadh tionscal an Aontais a mhonarú.

(69) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh CEP nár leor na cúiseanna le diúltú do na hiarrataí ar shraithadhmad eocalaipe agus sraithadhmad scannán-chlúdaithe a eisiamh ón imscrúdú. Thagair CEP do bharúlacha PTIA maidir le sraithadhmad eocalaipe a eisiamh, gan an aighneacht beacht a léiriú.

(70) In éagmais aon fhianaise tacaíochta, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

(71) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Saintland Wood, murab ionann agus maíomh an Choimisiúin in aithris (64), nach raibh tionscal an Aontais in ann sraithadhmad eocalaipe scannán-chlúdaithe scannán-chlúdaithe a tháirgeadh ar bhealach eacnamaíoch agus inbhuanaithe toisc go raibh costas veinírí, bídís allmhairithe nó féintáirgthe ó lomáin allmhairithe, toirmeascach agus toisc nach raibh an teicneolaíocht táirgthe ba ghá ag tionscal an Aontais. Níor chuir Saintland Wood cuspóir na haighneachta in iúl. I bhfianaise shuíomh aithris (64) a bhí faoi dhíospóid aige, bhreithnigh an Coimisiún an aighneacht i gcomhthéacs na hiarrata ar eisiamh maidir le sraithadhmad eocalaipe scannán-chlúdaithe. Thug an Coimisiún dá aire gur áitigh tionscal an Aontais nach bhféadfadh sé a chostais táirgthe a aisghabháil ar leibhéal praghsanna reatha an tsraithadhmaid scannán-chlúdaithe ar chaighdeán íseal nach n-úsáidtear go minic. Bhí an easpa brabúsachta ionsuite sin seachas an easpa fios gnó teicneolaíochta ná infhaighteacht amhábhair ag cur cosc ar thionscal an Aontais sraithadhmad scannán-chlúdaithe aon úsáide a tháirgeadh ó eocalaip nó ó speicis chrua-adhmaid eile. Diúltaíodh don mhaíomh.

2.1.2. *Sraithadhmad scannán-chlúdaithe*

(72) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA, ETTF, GD Holz agus Questwood nach raibh sraithadhmad scannán-chlúdaithe de chuid an Aontais in iomaíocht le sraithadhmad scannán-chlúdaithe a allmhairítear ón tSín, agus go háirithe sraithadhmad scannán-chlúdaithe le haghaidh foirmeánachta. D'áitigh na páirtithe leasmhara sin gur catagóir táirgí ar leith é sraithadhmad scannán-chlúdaithe allmhairithe, nach dtáirgtear san Aontas é agus go bhfuil teorainneacha ann maidir lena tháirgeadh amach anseo, nach bhfuil sé in iomaíocht dhíreach leis an táirge comhchosúil san Aontas, go bhfuil cáilíocht agus feidhmíocht éagsúil aige agus go mbeadh tionchar díobhálach ag a imeacht ó mhargadh an Aontais sa deireadh mar gheall ar bhearta frithdhumpála ar an mbeartas tithíochta.

([62]) *Eucapypto Twin* i gcás Panguaneta agus *Eucalyptus Globulus* i gcás Garnica.
([63]) t24.010595.
([64]) t24.010593.

(73) Diúltaíodh don mhaíomh mar, in ainneoin gur catagóir táirgí dea-shainithe é sraithadhmad foirmeánachta scannán-chlúdaithe, bhí sé ina dhlúthchuid den chineál táirge sraithadhmaid crua-adhmaid a chumhdaítear leis an imscrúdú. I gcomparáid le painéil sraithadhmaid crua-adhmaid eile, bhí sé comhdhéanta d'amhábhar comhchosúil (veinírí, gliú agus sraith bhreise phlaisteach ar an veinír aghaidhe), agus tháirg na táirgeoirí onnmhairiúcháin céanna é agus d'allmhairigh na hallmhaireoirí céanna é. Sheas an Coimisiún lena thorthaí in aithris (60) den Rialachán sealadach maidir leis an easpa difríochta i mbuntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha sraithadhmaid foirmeánachta scannán-chlúdaithe a tháirgtear sa tSín agus san Aontas. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún fianaise a léiríonn go raibh sraithadhmad scannán-chlúdaithe allmhairithe agus sraithadhmad scannán-chlúdaithe intíre cosúil lena chéile ó thaobh úsáide agus marthanachta de (i.e. an líon uaireanta is féidir úsáid a bhaint astu le haghaidh foirmeánacht tógála). Chomh maith leis sin, tháirg tionscal an Aontais sraithadhmad feá scannán-chlúdaithe ([65]) agus, mar gheall ar shaintréithe na speiceas adhmaid a úsáideadh, bhí sé an-chosúil le sraithadhmad eocalaipe scannán-chlúdaithe lena mbaineann in-athúsáidteacht níos ísle. I bhfianaise an fhorluí sin ó thaobh úsáide de agus ós rud é nach gá an táirge a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe mar gheall ar dhifríochtaí i gcáilíocht an táirge amháin, shuigh an Coimisiún go bhfuil sraithadhmad scannán-chlúdaithe a allmhairítear ón tSín agus a tháirgtear san Aontas in iomaíocht dhíreach le chéile. Mar sin féin, i Roinn 8 maidir le leas an Aontais, breithníodh an argóint nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de do tháirgeoirí an Aontais sraithadhmad scannán-chlúdaithe atá saor agus ar chaighdeán íseal a mhonarú, chomh maith leis an tionchar ar thithíocht.

(74) Thug an Coimisiún dá aire gur chosúil gur thug PTIA le fios in aithris (84) dá aighneacht go raibh sraithadhmad beithe scannán-chlúdaithe ón Rúis agus allmhairí sraithadhmaid eocalaipe agus poibleoige scannán-chlúdaithe ón tSín inmhalartaithe ([66]), a mhéid a bhain lena n-úsáid. In éagmais aon léiriú dá mhalairt sa chás maidir le sraithadhmad crua-adhmaid beithe ón Rúis ([67]) nó san imscrúdú seo, measadh go raibh sraithadhmad beithe scannán-chlúdaithe ón Rúis agus sraithadhmad scannán-chlúdaithe a tháirgeann tionscal an Aontais inmhalartaithe freisin.

(75) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Saintland Wood nach raibh aon iomaíochas margaidh ag sraithadhmad scannán-chlúdaithe de bhunús feá agus nár tháirg tionscal an Aontais é.

(76) Mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis an argóint agus dhiúltaigh sé di toisc gur tháirg agus gur dhíol tionscal an Aontais sraithadhmad feá scannán-chlúdaithe ([68]).

(77) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr PTIA go gcuirfí an t-idirdhealú idir 'sraithadhmad struchtúrach agus neamhstruchtúrach' san áireamh san uimhir rialaithe táirge, sa chorrlach dumpála agus sna ríomhanna sladghearrtha/gearrdhíola.

(78) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint a mhéid a bhaineann leis an deighilt líomhnaithe idir sraithadhmad crua-adhmaid struchtúrach agus sraithadhmad crua-adhmaid neamhstruchtúrach a áireamh san uimhir rialaithe táirge, toisc gur cumhdaíodh an t-idirdhealú sin go leordhóthanach leis an gcáilíocht (grád), feidhm (cineál gliú) agus critéir a bhaineann le speicis i struchtúr na huimhreach rialaithe táirge atá ann cheana. Le linn freagra a thug allmhaireoir neamhchomhlachaithe ar an gceistneoir a fhíorú, fuarthas amach nach ndearnadh an t-idirdhealú idir sraithadhmad struchtúrach agus sraithadhmad neamhstruchtúrach ar orduithe allmhairí ón tSín, agus gur cuireadh tagairtí do cháilíochtaí eile, a chumhdaítear cheana sa san uimhir rialaithe táirge, ina ionad. Thairis sin, ag an gcéim seo den imscrúdú, chuirfeadh athbhreithniú bunúsach ar an uimhir rialaithe táirge bac ar an imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil. I Roinn 7 den Fhógra Tionscnaimh, soláthraíodh 70 lá do pháirtithe leasmhara chun barúil a thabhairt ar fhaisnéis le haghaidh chéim na dtorthaí sealadacha ach níor cuireadh aon bharúil den sórt sin isteach maidir le comhdhéanamh na huimhreach rialaithe táirge.

(79) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA gurbh é ba chúis le gan tagairt a dhéanamh do shraithadhmad struchtúrach agus neamhstruchtúrach in orduithe go raibh gach sraithadhmad a d'allmhairigh an t-allmhaireoir sampláilte fíoraithe de chuid an Aontais ón tSín neamhstruchtúrach.

(80) Bhí sraithadhmad atá oiriúnach le haghaidh úsáidí struchtúracha ([69]) arna n-allmhairiú ón tSín agus ó fhoinsí eile sa raon táirgí a dhíol an t-allmhaireoir fíoraithe de chuid an Aontais. Níor chuir PTIA fianaise ar fáil go ndearnadh an t-idirdhealú idir sraithadhmad struchtúrach agus sraithadhmad neamhstruchtúrach ar na horduithe le haghaidh na dtáirgí sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

([65]) DYAS film - Film faced plywood | Dyas.eu.

([66]) 'Tar éis na smachtbhannaí a forchuireadh in 2022 ar Chónaidhm na Rúise agus ar an mBealarúis agus i gcomhthéacs na srianta trádála atá beartaithe ar allmhairí ón tSín, tá bearna shuntasach soláthair roimh mhargadh na hEorpa cheana féin. Tá sé sin criticiúil go háirithe le haghaidh earnálacha tógála atá ag brath ar shraithadhmad foirmeánachta indiúscartha ar chostas íseal. …Sa chomhthéacs sin, tá ról cobhsaíochta ag allmhairiú sraithadhmaid scannán-chlúdaithe ó thíortha ina bhfuil 6 phlandáil ardtáirgeachta rialaithe, amhail an tSín, a chuidíonn le foraoisí na hEorpa a chaomhnú agus leanúnachas gníomhaíochtaí foirgníochta fíor-riachtanacha á áirithiú ag an am céanna', t25.006824, lch. 20.

([67]) Fonóta 48.

([68]) Idem.

([69]) Mar shampla, Duroform nó Paged Wiremesh, https://www.altripan.com/en/products.

(81) A mhéid a bhaineann leis an ríomh sladghearrtha agus gearrdhíola, bhreithnigh an Coimisiún an bharúil a thug PTIA in aithrisí (187) agus (188).

(82) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr PTIA go ndeonófaí díolúine úsáide deiridh le haghaidh sraithadhmad scannán-chlúdaithe le haghaidh feidhmeanna neamhstruchtúracha.

(83) Mheas an Coimisiún nach ndearnadh idirdhealú leordhóthanach leis an sainmhíniú a rinne PTIA ar an táirge mar 'sraithadhmad scannán-chlúdaithe' chun a mheas gur catagóir shonrach táirgí é. Thairis sin, measadh nach raibh an úsáid deiridh fhorordaithe mar 'fheidhmeanna neamhstruchtúracha' beacht go leor chun díolúine úsáide deiridh a éileamh. Diúltaíodh don iarratas.

(84) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Questwood gur cheart don Choimisiún an cur chuige a ghlac Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe agus Coimisiúin na Trádála Idirnáisiúnta a leanúint a d'eisiaigh sraithadhmad scannán-chlúdaithe áirithe ó na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a fhorchuirtear ar shraithadhmad ón tSín ([70]).

(85) Níor mheas an Coimisiún gur chruthaigh torthaí imscrúduithe a rinne dlínsí eile fasach dá imscrúduithe féin. Mar sin féin, scrúdaigh sé an maíomh agus chinn sé go raibh difríochtaí bunúsacha idir an dá imeacht. Bhí fianaise i gcomhad poiblí an imscrúdaithe bunaidh a rinne Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe agus Coimisiúin na Trádála Idirnáisiúnta gur chomhaontaigh an gearánach agus an tionscal intíre sna Stáit Aontaithe sraithadhmad scannán-chlúdaithe arna allmhairiú ón tSín ([71]) a eisiamh ar an bhforas nach dtairgeann na gearánaigh sraithadhmad scannán-chlúdaithe. Níorbh amhlaidh an cás san imeacht seo. Diúltaíodh don mhaíomh.

2.1.3. *Sraithadhmad tanaí*

(86) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Keflico gur cheart sraithadhmad tanaí eocalaipe a eisiamh ón raon feidhme, toisc nár táirgeadh san Aontas é sna méideanna a theastaíonn ó thionscal na pacáistíochta agus nach bhfuil sraithadhmad tanaí a dhéantar as poibleog oiriúnach d'úsáid an tionscail sin, mar gheall ar a shaintréithe fisiceacha.

(87) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh ar an bhforas go raibh sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais sraithadhmad crua-adhmaid a tháirgeadh atá beartaithe go sonrach do phacáistíocht throm ([72]) agus éadrom ([73]) araon i gcainníochtaí leordhóthanacha.

3. **DUMPÁIL**

(88) Tar éis an nochta shealadaigh, fuair an Coimisiún barúlacha ón ngearánach agus Jiangshan Wood maidir le ríomh an chorrlaigh dumpála.

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(89) In éagmais barúlacha maidir le freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (77) go (82) den Rialachán sealadach.

3.2. **An Gnáthluach**

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(90) In éagmais barúlacha maidir le freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (86) go (180) den Rialachán sealadach.

([70]) Féach fonóta 55.

([71]) 'Áitíonn UFP gur cheart… PFF a eisiamh ó raon feidhme na n-imscrúduithe reatha…, deir achainígh nach gcuireann siad i gcoinne na teanga modhnaithe a bhaineann leis an eisiamh ón raon feidhme a mhol UFP, *Certain Hardwood Plywood Products from the People's Republic of China: Scope Comments Decision Memorandum for the Preliminary Determinations, A-570-051, C-570-052, April 17, 2017*.

([72]) https://www.garnica.one/en-uk/plywood-panels/range/reinforced/reinforced-globulus-poplar-sg.html.

([73]) https://www.garnica.one/en-uk/plywood-panels/range/efficiency/efficiency-poplar.html , https://pagedplywood.com/en/produkty/paged-stringply-3.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

(91) In éagmais barúlacha maidir le freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (181) go (195) den Rialachán sealadach.

3.2.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(92) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir an gearánach agus Jiangshan Wood barúlacha ar fáil maidir leis na foinsí a úsáideadh chun na costais neamhshaofa a shuí. Tugtar aghaidh ar na barúlacha thíos i Roinn 3.2.4.

3.2.4. *Tosca táirgeachta*

(93) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Jiangshan Wood nár chomhfhreagair luachanna na dtosca táirgeachta a shonraítear i dTábla 1 den Rialachán sealadach do na luachanna sna comhaid ríofa agus in aithris (210) den Rialachán sealadach.

(94) Shoiléirigh an Coimisiún go raibh earráid chléireachais sna luachanna i dTábla 1 agus in aithris (210) a bhain le céatadán de cháin allmhairiúcháin a cuireadh le gach tagarmharc. Mar sin féin, nochtadh na luachanna cearta do gach páirtí sna hiarscríbhinní ina bhfuil na tagarmharcanna. Cuireadh na luachanna cearta sin i bhfeidhm sna ríomhanna dumpála.

(95) Agus na barúlacha sin á gcur san áireamh, dheimhnigh an Coimisiún gur úsáideadh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a gcuid foinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cód CC	Foinse	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais
Amhábhair				
Lomán poibleoige	4403 97	Atlas Trádála Domhanda ('GTA') ([74])	CNY 980,49	m^3
Veinír eocalaipe	4408 90	GTA	CNY 4 073,14	m^3
Páipéar lannáin	4811 49	GTA	CNY 4,26	m^2
Plúr	1101 00 15	GTA	CNY 5,31	kg
Tomhaltáin				
Saothar				
	neamhbhaint-each	Staitisticí náisiúnta	CNY 43,76	uair an chloig
Fuinneamh				
Leictreachas	neamhbhaint-each	Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh na Tuirce	CNY 0,77	kWh

3.2.4.1. Amhábhair

(96) Thug an gearánach agus Jiangshan Wood barúlacha maidir le tagarmharcanna le haghaidh lomáin poibleoige, veinír eocalaipe agus plúr cruithneachta.

([74]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.

Lomáin poibleoige

(97) Maidir le lomáin poibleoige, mheas Jiangshan Wood go raibh praghsanna i bhfad níos airde mar thoradh ar shonraí onnmhairiúcháin GTA ón bhFrainc ná mar a bhí nuair a bhí luachanna Eurostat á n-úsáid, agus mheas sé go bhféadfadh sé sin a bheith amhlaidh toisc go raibh sonraí allmhairiúcháin agus sonraí onnmhairiúcháin araon measctha sna sonraí staidrimh a d'úsáid an Coimisiún. D'áitigh sé, ós rud é nach raibh i sonraí Eurostat ach sonraí mar a thuairiscigh údaráis chustaim na Fraince go díreach, go raibh siad níos iontaofa ná na sonraí foinseacha tríú páirtí a baineadh as S&P Global. Ina theannta sin, chuir sé isteach na sonraí a baineadh as Eurostat ar ar a bhonn sin a tháinig EUR 96,56/m³ nó CNY 754,66/m³ ar an bpraghas aonaid. D'áitigh Jiangshan Wood freisin nach raibh aon taraif ar allmhairí lomán poibleoige de thionscnamh na Fraince chuig tíortha ar onnmhairigh an Fhrainc na lomáin poibleoige agus, dá bhrí sin, nach raibh údar le dleacht allmhairiúcháin 4,1 a chur leo.

(98) D'áitigh an gearánach gur bhain Jiangshan Wood míbhrí as na sonraí, ós rud nach raibh na sonraí a d'úsáid an Coimisiún bunaithe ar an luach onnmhairiúcháin ón bhFrainc chuig tríú tíortha, ach ar an luach allmhairiúcháin i dtríú tíortha ar lomáin poibleoige de thionscnamh na Fraince, ar luach é a mheas sé a bheith ina mhodh ceart. Dá bhrí sin, d'áitigh an gearánach nár cheart na sonraí a mhodhnú.

(99) Shoiléirigh an Coimisiún, mar a luaigh an gearánach, nach raibh an tagarmharc le haghaidh lomáin poibleoige bunaithe ar luachanna onnmhairiúcháin lomán poibleoige ón bhFrainc, ach go deimhin ar allmhairí lomán poibleoige de thionscnamh na Fraince isteach i ngach tír ar domhan. Bhí na sonraí staidrimh bunaithe ar bhunachar sonraí GTA a mheas an Coimisiún a bheith iontaofa, agus a d'úsáid an Coimisiún chun na críche sin i roinnt mhaith imscrúduithe eile. Thairis sin, mheabhraigh an Coimisiún gur bhunachar sonraí cuimsitheach é GTA ina raibh ní hamháin sonraí Eurostat ach sonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe agus go leor foinsí staidrimh eile freisin. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an tagarmharc a bunaíodh ar an mbonn sin cruinn go leor. Shoiléirigh an Coimisiún freisin nár cinneadh an dleacht allmhairiúcháin a cuireadh i bhfeidhm maidir le lomáin poibleoige bunaithe ar onnmhairí ón bhFrainc, ach ar mheándleachtanna allmhairiúcháin ar lomáin poibleoige arna dtobhach ag na tíortha allmhairiúcháin is mó, mar a luaitear in aithris (218) den Rialachán sealadach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(100) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Jiangshan Wood nár cheart don Choimisiún taraif allmhairiúcháin 4,1 % a chur le meánphraghas lomáin poibleoige agus go raibh foinse na huasmharcála treallach ós rud é go raibh sí bunaithe ar an meántaraif allmhairiúcháin isteach sna 10 dtír allmhairiúcháin is mó agus go raibh an praghas allmhairiúcháin bunaithe ar allmhairí lomán poibleoige de thionscnamh na Fraince chuig gach tír. Chuir sé in iúl freisin, de réir shonraí allmhairiúcháin Comtrade na Náisiún Aontaithe, go raibh na 10 dtír allmhairiúcháin is mó éagsúil leis na cinn a liostaigh an Coimisiún ag an nochtadh. Dar leis, ba cheart don Choimisiún breathnú ar na taraifí allmhairiúcháin is infheidhme maidir le hallmhairí lomán poibleoige de thionscnamh na Fraince amháin. Ós rud é go raibh na hallmhairí sin faoi réir taraif allmhairiúcháin 0 %, mheas sé nár cheart aon taraif a chur i bhfeidhm.

(101) Níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh go raibh an taraif allmhairiúcháin a cuireadh le praghas na lomán poibleoige treallach. Mheas sé go raibh sé i gcomhréir lena chleachtas taraif allmhairiúcháin a chur leis agus gur cuireadh an taraif go comhsheasmhach le praghsanna allmhairiúcháin chun a léiriú go mbeadh ar aon chuideachta a cheannaigh veinír eocalaipe í a íoc. Sa chás áirithe sin, ós rud é go raibh an Fhrainc ina táirgeoir tábhachtach lomán poibleoige, chinn an Coimisiún gurbh iomchuí a thagarmharc le haghaidh lomáin poibleoige a bhunú ar allmhairí domhanda ón bhFrainc. Dá bhrí sin, cinneadh an tagarmharc sin i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir le praghas idirnáisiúnta neamhshaofa, agus ní ar phraghas allmhairiúcháin chuig tír ionadaíoch. Dá bhrí sin, ní raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún an taraif allmhairiúcháin a nascadh le tír ionadaíoch ná leis an bhFrainc sa chás seo. Ina ionad sin, chinn an Coimisiún gur mhodh réasúnta a bhí i leibhéal na taraife allmhairiúcháin bunaithe ar na cinn scríbe allmhairiúcháin is tábhachtaí le haghaidh lomáin poibleoige chun a leibhéal a shuí. Maidir leis an maíomh go raibh difríocht i measc liosta na gceann scríbe allmhairiúcháin ba thábhachtaí a chuir Jiangshan Wood i láthair, bhunaigh an Coimisiún a liosta ar shonraí GTA agus d'úsáid Jiangshan Wood bunachar sonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe. Mheas an Coimisiún gur fhoinse iontaofa na sonraí é GTA agus nach raibh cúis bhunúsach aige foinse eile a chur in ionad na sonraí. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

Veinír eocalaipe

(102) Mar a luaitear in aithrisí (206) go (210) den Rialachán sealadach, in éagmais tagarmharc oiriúnach eile, bhí an praghas tagarmhairc le haghaidh veinír eocalaipe bunaithe ar mheánphraghas onnmhairiúcháin i mbunachar sonraí GTA faoi chód HS 4408 90, lena n-áirítear veinír eocalaipe chomh maith le cineálacha eile veinírí. Bhí CNY 4 073,134/m³ nó EUR 521,22/m³ i gceist leis an bpraghas tagarmhairc a bunaíodh, agus a nochtadh do pháirtithe ar an mbonn sin, praghas a mheas an Coimisiún a bheith cruinn agus i gcomhréir leis an bpraghas margaidh le haghaidh an chineáil veiníre.

(103) Tar éis an nochta shealadaigh, cheistigh Jiangshan Wood cén fáth nár chuir an Coimisiún roinnt mhaith tíortha san áireamh, lena n-áirítear na táirgeoirí is mó veiníre eocalaipe amhail Uragua, Paragua, an Bhrasaíl nó an tSile. Chuir sé in iúl, chun an tagarmharc a shuí, gur bhreithnigh an Coimisiún sonraí na Polainne, na Sualainne agus na Laitvia, nárbh iad príomhonnmhaireoirí na veiníre eocalaipe iad, agus a fuair ábhair i dtíortha nár tháirg veinír, amhail an Úcráin. Ina theannta sin, d'ardaigh sé freisin gur chuir an Coimisiún tíortha a d'onnmhairigh mionchainníochtaí san áireamh agus an tagarmharc á ríomh aige. Dá bhrí sin, chuir Jiangshan Wood in iúl go raibh imní air faoi iontaofacht an bhunachair sonraí a d'úsáid an Coimisiún.

(104) D'áitigh Jiangshan Wood freisin go bhféadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint as sonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe lenar bailíodh sonraí ó na tíortha onnmhairiúcháin uile lena n-áirítear onnmhaireoirí móra eocalaipe. D'áitigh sé gurbh é CNY 3 238/m³ nó EUR 414/m³ an praghas aonaid a bhí le húsáid mar thagarmharc ar an mbonn sin. Dá bhrí sin, d'iarr Jiangshan Wood ar an gCoimisiún an luach sin a úsáid mar thagarmharc, nó de rogha air sin, an luach EUR 443/m³ a luaitear in aithris (210) den Rialachán sealadach a úsáid. Luaigh sé freisin, dá gcinnfeadh an Coimisiún an tagarmharc a úsáideadh ag an gcéim shealadach a úsáid, gur iarradh air na tíortha a measadh a bheith ar na tíortha onnmhairiúcháin is mó a nochtadh agus a mhíniú cén fáth nár cuireadh na príomhthíortha a tháirgeann veinír eocalaipe san áireamh. Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Jiangshan Wood a iarraidh ar shonraí breise a bhaineann leis an tagarmharc a nochtadh, agus tagairt á déanamh aige do dhifríochtaí idir an bunachar sonraí a d'úsáid an Coimisiún agus Comtrade na Náisiún Aontaithe.

(105) D'athdhearbhaigh an Coimisiún ar dtús gur bhain an luach EUR 443/m³, a luaitear in aithris (210) den Rialachán sealadach, le hearráid chléireachais nach raibh bonn fíorasach léi. D'athdhearbhaigh an Coimisiún freisin, mar a mhínítear in aithris (210) den Rialachán sealadach, go raibh veinírí ó speicis éagsúla adhmaid agus, dá bhrí sin, ar phraghsanna éagsúla sna staitisticí onnmhairiúcháin faoi chód HS 4408 90. Bhí difríocht mhór idir na praghasraonta i gcás veinírí an-tanaí i gcomparáid le veinírí sa raon 0,3 – 0,6 mm, arb é an tiús is coitianta é a úsáidtear chun sraithadhmad a tháirgeadh, agus idir veinírí a bhfuil cáilíochtaí éagsúla acu. Mar shampla, i gcás veinír eocalaipe amháin, d'fhéadfadh an praghas a bheith an-éagsúil dá n-úsáidfí an veinír le haghaidh chroílár an tsraithadhmaid nó le haghaidh aghaidhe. Dá bhrí sin, ní hamháin gur chód ciseáin ina raibh níos mó cineálacha veinírí ná veinírí eocalaipe a úsáideadh chun sraithadhmad a tháirgeadh a bhí sa chód CC ach áiríodh leis freisin veinír eocalaipe de chineálacha agus cáilíochtaí éagsúla. Ní fhéadfaí na veinírí uile a úsáid chun sraithadhmad a tháirgeadh go sonrach.

(106) Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún san áireamh ach na hallmhairí ó thíortha a raibh na meánphraghsanna allmhairiúcháin ina leith sa raon ag tosú ó EUR 350/m³ le haghaidh veinír eocalaipe ar chaighdeán íseal go EUR 720/m³ le haghaidh veinír eocalaipe ar chaighdeán ard. Bhí an raon sin bunaithe ar shonraisc a chuir an gearánach isteach mar fhianaise ar veinír eocalaipe ar phraghsanna agus ar cháilíochtaí éagsúla. Dá bhrí sin, bhí an raon ag teacht le praghsanna is féidir a mheas a bheith íoctha le haghaidh veinír eocalaipe is féidir a úsáid chun sraithadhmad crua-adhmaid a tháirgeadh. Dá bhrí sin, níor breithníodh tíortha a raibh meánphraghsanna allmhairiúcháin acu lasmuigh den raon sin.

(107) In éagmais cód CC sonrach le haghaidh veinír eocalaipe, mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh an meánphraghas a suíodh ar an mbonn sin réasúnta agus gur léiríodh é ar bhealach cruinn an praghas a bhí le híoc ar an tosca táirgeachta sin. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh an tagarmharc a chuir Jiangshan Wood isteach bunaithe ar shonraí Comtrade na Náisiún Aontaithe de CNY 3 238/m³ nó EUR 414/m³ laistigh den phraghasraon idir EUR 350/m³ agus EUR 720/m³a d'úsáid an Coimisiún agus go raibh sé i gcomhréir den chuid is mó leis an tagarmharc CNY 4 073,14/m³ nó EUR 521,22 a d'úsáid an Coimisiún. Mheas an Coimisiún freisin gur sholáthair sé nochtadh atá mionsonraithe go leor sa nochtadh sealadach agus cinntitheach maidir leis an gcaoi ar ríomhadh an tagarmharc. Cé gur thug an Coimisiún dá aire na difríochtaí a chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin i dtábhacht agus bunachar sonraí malartach á úsáid aige, níor shainaithin sé aon chúis láidir le diúltú d'úsáid bhunachar sonraí GTA, a úsáidtear i ngach imscrúdú eile agus a mheas sé a bheith ina fhoinse sonraí iontaofa. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go mb'fhéidir nach raibh na staitisticí a d'úsáid an Coimisiún iontaofa agus d'áitigh sé go raibh an tagarmharc a suíodh mar a mhínítear thuas réasúnta agus cruinn.

(108) Tar éis an nochta deiridh, chuir Jiangshan Wood in iúl nár úsáid sé ina phróiseas táirgthe ach veinír eocalaipe ar cháilíocht níos ísle don chroílár, agus thagair sé freisin don fhíoras nár cheannaigh sé veinír aghaidhe. D'áitigh sé nár cheart veinír croíláir agus veinír aghaidhe eocalaipe ar chaighdeán ard a bheith sa phraghasraon a chuir an Coimisiún i bhfeidhm chun an tagarmharc a shuí. Ina bharúlacha maidir leis an nochtadh deiridh, d'iarr Jiangshan Wood ar an gCoimisiún achoimre fhóinteach a nochtadh ar an bhfianaise a chuir an gearánach ar fáil lenar suíodh an praghasraon idir EUR 350 agus EUR 720/m³ le haghaidh veinír eocalaipe. D'athdhearbhaigh sé a mhaíomh an 14 Deireadh Fómhair 2025 inar iarr sé ar an gCoimisiún 'nochtadh fóinteach na sonrasc sin agus/nó achoimre ar gach grád veiníre, a dtéarmaí tráchtála idirnáisiúnta, a dtionscnamh agus a bpraghas' a chur ar fáil, ós rud é gur mheas sé go sárófaí a chearta cosanta mura nochtfaí an fhaisnéis sin. Le ríomhphost an 15 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún an achoimre a iarradh ar fáil don chuideachta, inar chuir sé in iúl, áfach, nár mheas sé gur sáraíodh cearta cosanta Jiangshan Wood nuair nár nocht sé na sonraisc (rúnda) féin. D'athdhearbhaigh Jiangshan Wood a iarraidh ina dhiaidh sin trí fhaisnéis níos mionsonraithe fós a iarraidh maidir leis na sonraisc amhail a ndátaí agus mionsonraí maidir le cóimheasa comhshó na bpraghsanna ó ghlanmheáchan go hollmheáchan.

(109) Chun argóintí Jiangshan Wood a bhréagnú, d'áitigh an gearánach go raibh an mhodheolaíocht a chuir an Coimisiún i bhfeidhm chun sonraí allmhairiúcháin a choigeartú faoi chód CC 4408 90 réasúnta chun allmhairí veinírí eocalaipe go sonrach a ghabháil i gceart agus go cruinn sa chód 'ciseáin' sin ina bhfuil cineálacha eile sraithadhmaid.

(110) Chinn an Coimisiún nach raibh bunús le maíomh Jiangshan Wood. Is ciseán de chineálacha eile sraithadhmaid é cód CC 4408 90 a úsáideadh chun an tagarmharc a chinneadh agus níor úsáideadh an raon a cuireadh i bhfeidhm ach amháin mar athróg ionadach chun allmhairí veiníre eocalaipe laistigh den chód ciseáin sin a shainaithint go sonrach. Mheas an Coimisiún go raibh an modh sin réasúnta agus, i bhfianaise na faisnéise a bhí ar fáil agus d'ainneoin nach bhféadfadh sé idirdhealú a dhéanamh idir cáilíochtaí na veiníre, gur léirigh sé praghas na veiníre eocalaipe ar an mbealach is cruinne.

(111) Thairis sin, chinn an Coimisiún nach raibh bunús le hiarraidh Jiangshan Wood na sonraisc rúnda a nochtadh. Níor úsáideadh na sonraisc féin chun na tagarmharcanna a chinneadh. Níor úsáideadh iad ach mar athróg ionadach chun praghasraon a chinneadh le haghaidh veinírí eocalaipe, agus is é sin an fáth nár mheas an Coimisiún go mbeadh Jiangshan Wood in ann bunús níos mionsonraithe a thabhairt lena mhaíomh dá nochtfaí na sonraisc rúnda. Ina theannta sin, sholáthair an Coimisiún míniú an-mhionsonraithe ar a mhodh sa Doiciméad Ginearálta um Nochtadh in aithrisí (67) agus (72), agus sholáthair sé faisnéis achomair bhreise ina raibh na mionsonraí uile maidir le cineál na veiníre eocalaipe, agus na praghsanna ábhartha, arna iarraidh sin do Jiangshan Wood, trí ríomhphost an 15 Deireadh Fómhair 2025.

(112) Ar deireadh, shuigh an Coimisiún nach raibh bunús le maíomh Jiangshan Wood nár úsáid sé ach veinír croíláir eocalaipe ar cháilíocht íseal ina tháirgeadh. Os a choinne sin, léirigh sonraisc cheannaigh na cuideachta le haghaidh veinír eocalaipe cáilíocht 'grád 1' nó 'an chéad ghrád', rud a thug le fios go raibh an veinír a ceannaíodh ar chaighdeán níos airde. Chomh maith leis sin, leis an tagairt níorbh fhéidir a chinneadh an raibh veinír croíláir agus aghaidhe i gceist leis an veinír a ceannaíodh, in ainneoin gur mhaígh an chuideachta go raibh na veinírí aghaidhe go léir féintáirgthe. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann an maíomh nár cheannaigh Jiangshan Wood ach veinír croíláir ar cháilíocht íseal a fhionnadh.

(113) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don argóint nár cheart ach an veinír eocalaipe ar phraghas níos ísle a úsáid. Chomh maith leis sin, níor mheas an Coimisiún gur sáraíodh cearta cosanta Jiangshan Wood toisc nár nochtadh faisnéis bhreise ar na sonraisc rúnda. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

Plúr

(114) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Jiangshan Wood arís go ndearnadh margadh plúir na Tuirce agus, dá bhrí sin, praghsanna an phlúir a shaobhadh agus a bhoilsciú ar an iomlán mar gheall ar na bearta éagsúla a ghlac Oifig Gráin na Tuirce a rinne difear d'allmhairiú/onnmhairiú plúir cruithneachta. D'áitigh sé go ndearnadh foráil le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir le costais táirgthe agus díola a shuí a léiríonn praghsanna nó tagarmharc neamhshaofa, agus rinne an Coimisiún measúnú freisin ar shaobhadh margaidh a bheith ann agus an tagarmharc á bhunú aige. Dar leis, d'fhéadfadh meánphraghas allmhairiúcháin plúir isteach sna tíortha ard-mheánioncaim eile a bheith ina thagarmharc neamhshaofa, is é sin CNY 3,9/kg gan taraifí allmhairiúcháin nó CNY 4,45/kg leis na taraifí custaim is infheidhme.

(115) D'áitigh an gearánach gur bhain barúlacha Jiangshan Wood le grán cruithneachta ach nár bhain siad le plúr cruithneachta. D'áitigh sé freisin gur cheanglais chaighdeánacha ar chúiseanna sábháilteachta sláinte iad an ceanglas ceadúnúcháin agus cigireachta le haghaidh gach táirge talmhaíochta.

(116) Dheimhnigh an Coimisiún gur bhain na srianta sin go deimhin le hallmhairí grán plúir agus ní leis an bplúr cruithneachta féin. Mar a luaitear in aithris (213) den Rialachán sealadach, ba mhór cainníocht an phlúir a allmhairíodh isteach sa Tuirc agus bhí éileamh ar phlúr ar phraghsanna inar áiríodh na dleachtanna. Dá bhrí sin, d'áitigh sé go raibh na praghsanna ionadaíoch ar phraghas margaidh.

3.2.4.2. Saothar

(117) In éagmais barúlacha maidir le saothar, dheimhnigh an Coimisiún aithris (223) den Rialachán sealadach.

3.2.4.3. Leictreachas

(118) In éagmais barúlacha maidir le leictreachas, dheimhnigh an Coimisiún aithris (224) den Rialachán sealadach.

3.2.4.4. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(119) Mar a mhínítear in aithris (228) den Rialachán sealadach, agus tagarmharcanna le haghaidh SGA agus brabúis á suí ag an gCoimisiún, d'úsáid sé sonraí rialtas na Tuirce maidir le meánchostais oibriúcháin agus brabús oibriúcháin na gcuideachtaí a d'fhoilsigh Banc Ceannais na Tuirce maidir le torthaí airgeadais na 3 121 chuideachta atá gníomhach i monarú táirgí adhmaid, coirc, tuí agus ábhar fite (NACE – C-162).

(120) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh an gearánach nach raibh na sonraí iomchuí, ós rud é gur cumhdaíodh earnáil róleathan leis agus nár léirigh sé fíorchostais oibriúcháin agus brabúsacht an tionscail sraithadhmaid sa Tuirc. D'áitigh sé gur áiríodh le cód NACE C162 táirgeadh táirgí eile de bhunús adhmaid amhail cearpantóireacht agus siúinéireacht, urlár adhmaid, coimeádáin adhmaid, ábhair thrilseacha etc., agus nach raibh fáil ar an bhfochatagóir ábhartha C162-1, Monarú leathán veiníre agus painéal de bhunús adhmaid. D'áitigh sé nach raibh ach 2 i gceist le deighleog an tsraithadhmaid laistigh den chatagóir, agus go raibh tionscal na bpainéal de bhunús adhmaid amhail táirgeoirí clár cáithníní agus MDF i gceannas uirthi. D'áitigh sé gurbh iad táirgí sraithadhmaid na táirgí ba shofaisticiúla agus ba phréimhe i measc na dtáirgí uile de bhunús adhmaid agus ós rud é gur táirgeadh eile a bhí sa chód NACE comhiomlánaithe den chuid is mó, nach raibh sé iomchuí costais SGA agus brabús earnáil an tsraithadhmaid a chinneadh. D'áitigh sé freisin gur sonraí micreachuideachtaí nó cuideachtaí beaga a bhí nach mór go heisiach sa bhunachar sonraí, ach go dtáirgeann cuideachtaí meánmhéide sraithadhmad. D'áitigh sé freisin go raibh níos mó ná 3 000 cuideachta a measadh neamhbhrabúsach, rud a d'fhág nach raibh feidhm ag úsáid sonraí maicreacnamaíocha. D'áitigh an gearánach freisin gur bhain na sonraí a úsáideadh leis an tréimhse 2022 agus, dá bhrí sin, nach raibh siad ag teacht le staid na gcuideachtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(121) Chuir an gearánach sonraí airgeadais isteach ó 2024 ón gcuideachta Pelit Arslan Kontrplak Fabrikasi Anonim Sirketi ('Pelit Arslan'), atá ar fáil ó bhunachar sonraí Dun&Bradstreet Finance Analytics ([75]). De réir na tuarascála airgeadais, ba iad costais SGA in 2024 21,6 de chostais na n-earraí a díoladh, agus ba é 23,6 % an brabús roimh cháin. Dar leis, bhí na táscairí sin coimeádach ós rud é go raibh leibhéal SGA agus brabúis níos airde fós ag an gcuideachta sna blianta roimhe sin. Dar leis, lean an leibhéal SGA atá beartaithe de bheith i gcomhréir den chuid is mó leis na costais SGA a shainaithin an Coimisiún ach is léir go raibh an brabús níos airde níos ionadaíche ar earnáil an tsraithadhmaid ós rud é gur táirge de bhunús adhmaid den scoth a bhí ann i gcomparáid le painéil adhmaid eile. Ar an mbonn sin, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige agus sonraí Pelit Arslan a úsáid mar thagarmharc le haghaidh costais SGA agus brabúis.

(122) D'áitigh Jiangshan Wood nár chuir sé i gcoinne úsáid shonraí rialtas na Tuirce a d'fhoilsigh Banc Ceannais na Tuirce, a mhol an Coimisiún. D'áitigh sé gur tugadh le fios sa tuarascáil ó na sonraí go raibh costais dáileacháin sna costais SGA ba cheart a eisiamh ó ríomh an ghnáthluacha. Dá bhrí sin, d'áitigh sé gur cheart don Choimisiún na costais dáileacháin a eisiamh bunaithe ar chóimheas réasúnta, bunaithe ar shonraí tháirgeoirí de chuid an Aontais nó bunaithe ar fhaisnéis airgeadais arna cur isteach ag an trádálaí neamhchomhlachaithe Pizhou Ouyme Import and Export Trade Co. Ltd ('Pizhou Ouyme') a léirigh go raibh 62 de chostais SGA iomlána i gceist leis na costais díola dhírigh ina chostais SGA iomlána.

(123) Mar fhrisnéis ar na hargóintí a chur Jiangshan Wood isteach, d'áitigh an gearánach nach raibh sé soiléir cén cineál costas a bhí sa chatagóir sin, agus go bhféadfadh an chatagóir maidir leis na 'costais díola' ghinearálta tagairt a dhéanamh freisin (nó go heisiamh) do na costais a bhaineann le táirge nó seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí, amhail pacáistíocht, margaíocht, díolacháin, stóráil agus trádstóráil, bainistiú orduithe, seirbhísí custaiméara, etc. D'áitigh sé freisin nach raibh miondealú ar chostais SGA ina gcatagóirí aonair i sonraí airgeadais thairgeoirí de chuid an Aontais agus, dá bhrí sin, nach rabhthas in ann coigeartuithe a dhéanamh agus ar an gcaoi chéanna, nach raibh an sciar de mhíreanna costais aonair laistigh den chatagóir 'costais díola' de chuid an trádálaí Shínigh infheidhme ná iontaofa mar gheall ar shaobhadh a d'aimsigh an Coimisiún sa tSín i gcás an táirge agus an tionscail sin. Ar deireadh, d'áitigh Jiangshan Wood nach ndearna an Coimisiún coigeartú den sórt sin in imscrúduithe roimhe seo.

([75]) Is féidir an tuarascáil a fháil ar tháille ag https://www.informa.es/en.

(124) Mar fhrisnéis ar bharúlacha an ghearánaigh, d'iarr Jiangshan Wood ar an gCoimisiún neamhaird a thabhairt ar shonraí airgeadais Pelit Arslan ós rud é gur áitigh sé, gan rochtain a bheith aige ar na sonraí, nach bhféadfadh sé cruinneas na ríomhanna a sheiceáil ná measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na sonraí chun an gnáthluach a ríomh agus nach ndéanfaí é sin a cheartú le hachoimre fhóinteach ar na sonraí (mar shampla i raonta) ós rud é nach mór costais SGA agus an brabús a bheith ina gcéatadáin chruinne. Chuir sé in iúl go bhfuil na sonraí airgeadais a cuireadh isteach i gcomhthéacs Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán 'ar fáil go héasca', agus saor ó chóipcheart. Thug sé sampla de chásanna inar diúltaíodh do shonraí a úsáid toisc nárbh fhéidir iad a chur ar an gcomhad oscailte ar chúiseanna a bhaineann le sárú cóipchirt.

(125) Mheabhraigh an Coimisiún nach raibh sonraí ar fáil le déanaí maidir le haon chuideachta de chuid na Tuirce ag an gcéim shealadach agus, dá bhrí sin, gurbh é an bunachar sonraí a úsáideadh an athróg ionadach ab fhearr a bhí ar fáil chun costais SGA agus brabús réasúnta a shuí. Bhí sonraí cuideachta a tháirgeann an sraithadhmad cruaadhmaid, mar a chuir an gearánach isteach, ina mbonn níos réasúnta, áfach, chun costais SGA agus brabús a chinneadh, ná bunachar sonraí a bhailíonn sonraí ó earnáil atá i bhfad níos leithne. Chomh maith leis sin, ar bhonn thuarascálacha airgeadais mionsonraithe na cuideachta sin a chuir an gearánach isteach, bhí an Coimisiún in ann a fhíorú gur suíodh na céatadáin de chostais SGA agus de bhrabús go cruinn. Bhí na tuarascálacha ar fáil go díreach, ar tháille bheag, ar shuíomh gréasáin poiblí (https://www.informa.es/en). Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfaí sonraí Pelit Arslan a úsáid chun costais SGA agus brabús réasúnta a shuí agus, dá bhrí sin, go raibh siad i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Maímh maidir le húsáid sonraí Pelit Arslan tar éis an nochta deiridh

(126) Tar éis an nochta deiridh, mheas Jiangshan Wood nach mór don Choimisiún filleadh ar úsáid na sonraí airgeadais ar an leibhéal earnála agus nár cheart dó costais díola a áireamh agus an gnáthluach á ríomh aige. Mheas sé go raibh sé do-ghlactha gur cuireadh sonraí airgeadais Pelit Arslan nach raibh ar fáil go héasca, dar leis, in ionad an mhéid le haghaidh SGA agus brabúis a measadh a bheith réasúnach ar dtús. D'áitigh sé nárbh fhéidir an tuarascáil a fháil tríd an suíomh gréasáin ná nárbh fhéidir í a fháil ar shuíomh gréasáin ginearálta Dun&Bradstreet. D'áitigh sé freisin, ós rud é go bhfuair an Coimisiún an tuarascáil tríd an ngearánach, nárbh fhéidir a fhionnadh go raibh sí cruinn. D'áitigh Jiangshan Wood freisin leis an achoimre a chuir an Coimisiún ar fáil níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar mhíreanna aonair sna ráitis airgeadais a úsáideadh chun costais SGA agus an brabús a ríomh. Mheas sé gur sáraíodh a chearta cosanta ós rud é gur theip ar an gCoimisiún achoimre fhóinteach a sholáthar, agus thagair sé freisin d'imscrúdú maidir le halcóil pholaivinile áirithe agus don chás Cúirte nasctha inar luaigh an Chúirt gur cheart do pháirtithe a bheith 'in ann, le linn an nós imeachta riaracháin, a dtuairimí a chur in iúl go héifeachtach maidir le cruinneas agus ábharthacht na bhfíoras agus na n-imthosca a líomhnaítear agus maidir leis an bhfianaise a chuir an Coimisiún i láthair chun tacú lena líomhain maidir le dumpáil agus an díobháil a eascraíonn aisti' ([76]).

(127) Mar fhrisnéis, d'áitigh an gearánach go raibh líomhaintí Jiangshan Wood nach bhféadfaí na ráitis airgeadais a fháil míthreorach agus gan bhunús. Chuir sé in iúl go bhféadfaí é a fhíorú, trí chuardach tapa ar líne, gur thug an tairseach ghréasáin *Informa.es*, dar leis an suíomh gréasáin, rochtain ar líne ar néal sonraí Dun&Bradsheet a bhailíonn faisnéis airgeadais agus mhargaíochta ó níos mó ná 600 milliún cuideachta ar fud an domhain ([77]). Chun a chruthú a thuilleadh go bhfuil an tuarascáil airgeadais ar fáil go héasca agus go raibh sí fós ar fáil, d'athcheannaigh na gearánaigh arís í trí *Informa.es* an 9 Deireadh Fómhair 2025 agus chuir siad na sonraí faoi bhráid an Choimisiúin.

(128) Thairis sin, mheas an gearánach go raibh an tagairt a rinne Jiangshan Wood don chásdlí míthreorach. San imscrúdú ar alcóil pholaivinile ón tSín, luaigh an Coimisiún gur '*de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ní gá na sonraí a bheith "ar fáil go poiblí"*' ach gur gá iad a bheith '*ar fáil go héasca*', agus '*gur chiallaigh "ar fáil go poiblí" go raibh na sonraí ar fáil don phobal i gcoitinne ach gur chiallaigh "ar fáil go héasca" go raibh siad ar fáil do gach duine, ar choinníoll gur comhlíonadh coinníollacha áirithe, amhail táille a íoc*' ([78]). Chuir sé in iúl freisin gur seasadh leis an toradh sin ar deireadh le rialú cinntitheach ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-763/20, agus gur dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta freisin sa bhreithiúnas sin go raibh an Coimisiún i dteideal glacadh le sonraí rúnda, ar choinníoll gur tíolacadh achoimre neamhrúnda ([79]). Chuir an gearánach in iúl gur soláthraíodh achoimre neamhrúnda ar an ráiteas airgeadais go cuí agus gur cuireadh sa chomhad poiblí í.

([76]) Cás T-763/20, Inner Mongolia Shuangxin Environment-Friendly Material v an Coimisiún, mír 100; féach freisin Cás T-442/12, Changmao Biochemical Engineering v an Chomhairle, mír 139 agus an cásdlí a luaitear.

([77]) https://www.informa.es/en/business-information/international.

([78]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1336 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí alcól polaivinile áirithe de thionscnamh na Síne (IO L 315, 29.9.2020, lch.1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1336/oj), aithris 228.

([79]) Cás T-763/20, Inner Mongolia Shuangxin Environment-Friendly Material v an Coimisiún, EU:T:2024:114, míreanna 88 agus 104.

(129) D'áitigh PTIA nach raibh sé in ann na tuarascálacha airgeadais a fháil ón suíomh gréasáin *https://www.informa.es/en* ach go raibh sé in ann iad a fháil ó fhoinsí eile. Thug sé le fios, bunaithe ar na ráitis ó fhoinsí eile, gurbh é 17 % an brabús roimh cháin seachas 23,6 %, mar a thug an Coimisiún le fios.

(130) D'áitigh Saintland Wood go raibh deacracht aige rochtain a fháil ar shonraí Pelit Arslan toisc gur chosúil go raibh locht teicniúil i bpróiseas logála isteach an tsuímh gréasáin, rud a chuir cosc air clárú, agus dá bhrí sin, aighneacht éifeachtach thráthúil a ullmhú agus a chur isteach. D'iarr sé ar an gCoimisiún treoracha soiléire céim ar chéim nó modh malartach a chur ar fáil chun rochtain a fháil ar na sonraí.

(131) Thagair an Coimisiún d'aithris (52) den Doiciméad Ginearálta um Nochtadh inar luadh go raibh ráitis airgeadais mhionsonraithe Pelit Arslan ar fáil ó bhunachar sonraí Dun&Bradstreet Finance Analytics. San aithris, tharraing an Coimisiún aird bhreise ar an leathanach gréasáin *informa.es*, ar soláthraí tuarascálacha idirnáisiúnta de chuid Dun&Bradstreet ([80]) sa Spáinn é. Dheimhnigh an Coimisiún go raibh an fhaisnéis airgeadais a bhaineann leis an gcuideachta Pelit Arslan ar fáil go héasca agus go raibh rochtain éasca uirthi trí leathanach gréasáin Dun&Bradstreet a sholáthraíonn sonraí trína chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Féadadh tuarascálacha airgeadais Pelit Arslan a cheannach go díreach, gan clárú, ach táille a íoc ([81]). Ós rud é go raibh na sonraí ar fáil go héasca trí na leathanaigh ghréasáin thuas, níor mheas an Coimisiún gur ghá aon treoir 'céim ar chéim' a sholáthar mar a d'iarr Saintland Wood.

(132) Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl gur soláthraíodh achoimre neamhrúnda ar na sonraí ag an nochtadh deiridh. Cé nach raibh páirtithe in ann faisnéis rúnda mhionsonraithe a shainaithint ón achoimre neamhrúnda, ba leor an achoimre chun an fhaisnéis maidir leis na sonraí a úsáideadh a sholáthar do na páirtithe, dar leis an gCoimisiún. Ós rud é go raibh an tuarascáil mhionsonraithe ar fáil go héasca, níor mheas an Coimisiún ach oiread gur sáraíodh cearta cosanta aon pháirtí - d'fhéadfadh aon pháirtí, lena n-áirítear Jiangshan Wood, na sonraí mionsonraithe a fháil agus a fhíorú ar tháille réasúnta, mar a rinne PTIA. Thairis sin, ní raibh bunús le maíomh Jiangshan Wood nach bhféadfadh sé na míreanna aonair amhail costais díola a bhí le hasbhaint a shainaithint - de réir na conclúide a dtagtar uirthi thíos, diúltaíodh don mhaíomh go raibh na costais díola le baint as an tagarmharc, mar a shonraítear thíos sa chéad roinn eile.

(133) Maidir le maíomh PTIA gurbh é 17 an brabús, dheimhnigh an Coimisiún go ndearnadh a ríomh ar an tagarmharc do chorrlach brabúis na cuideachta ionadaíche Pelit Arslan a ríomh i gceart mar an méid brabúis roimh chánacha arna shloinneadh mar sciar de luach chostas na n-earraí arna ndíol ag an gcuideachta, mar a mhínítear i Roinn 3.2.4.4 den Rialachán seo, agus gur 23,6 % a bhí sa bhrabús roimh cháin.

Maímh maidir le costais díola tar éis an nochta deiridh

(134) D'áitigh Jiangshan Wood freisin nach mór don Choimisiún a idirdhealú a dhéanamh idir na costais díola agus na costais ghinearálta agus riaracháin eile agus iad a dheighilt ós rud é nár thabhaigh Jiangshan Wood aon chostas den sórt sin agus nár thuairiscigh sé don Choimisiún iad. Dar leis, bhí sé sin fíor-riachtanach ós rud é nach mbeadh an gnáthluach ríofa ina ghnáthluach díreach ón monarcha mar thoradh ar chostais díola agus dáileacháin (i.e. iompar, láimhseáil agus pacáistiú) a áireamh laistigh de chostais SGA.

(135) Chun an argóint a rinne Jiangshan Wood a bhréagnú, rinne an gearánach tagairt do rialú na Cúirte Ginearálta i gCás T-263/22, ina luaitear *'cé go mb'fhéidir go bhféadfadh an cleachtas lena ndéantar coigeartuithe a bheith riachtanach, faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán, chun difríochtaí a chur san áireamh, ar difríochtaí iad atá idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach agus lena ndéantar a difear dá n-inchomparáideacht, nach féidir asbhaintí den sórt sin a dhéanamh i leith luach atá ríofa [faoi Airteagal 2(6a)] agus nach bhfuil, dá bhrí sin, ina fhíorluach. De ghnáth, ní bhíonn tionchar ag tosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'inchomparáideacht an luacha ar an luach féin, toisc gur suíodh go saorga é'* ([82]).

([80]) https://www.informa.es/en/business-information/international.

([81]) Ar leathanach gréasáin ginearálta Dun&Bradstreet a bhaineann lena sheirbhísí domhanda, cuirtear rochtain ar fáil ar sholáthraithe áitiúla. I gcás na Beilge, mar shampla, nascann an leathanach gréasáin go díreach leis an soláthraí áitiúil Altares (https://www.altares.be/en/), áit a bhfuil an tuarascáil ar fáil go díreach trí https://order.altares.be/, ar tháille EUR 415,03 (arna rochtain go deireanach an 17 Deireadh Fómhair 2025).

([82]) Cás T-263/22 CCCME v An Coimisiún, EU:T:2024:663, mír 188.

(136) Dá bhrí sin, d'áitigh an gearánach gur ríomhadh an gnáthluach i bhfianaise an tsaofa struchtúraigh i ndeighleog na próiseála adhmaid sa tSín, rud a fhágann nach bhfuil an gnáthluach 'fíor' agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh tosca a bheith ann a dhéanfadh difear dá inchomparáideacht leis an bpraghas onnmhairiúcháin. Chuir sé in iúl, de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán go '*[n-á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*', agus gur ceanglaíodh leis an bhforáil sin costais díola a chur san áireamh agus an gnáthluach á ríomh faoin bhforáil sin. Ós rud é nach dtabhaíonn Jiangshan Wood 'aon speansas díola', ní athraítear ar bhealach ar bith gur cheart na costais díola a áireamh sa ghnáthluach ríofa. Dá ndéanfaí a mhalairt, dhéanfadh an Coimisiún an gnáthluach ríofa a dhíbhoilsciú (a ghannmheas), rud a sháródh an bun-Rialachán go soiléir.

(137) Chinn an Coimisiún nach raibh bunús le maíomh Jiangshan Wood. Tagraítear in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán do mhéid réasúnta le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús, ós rud é gurb iad sin na costais a íocann gach cuideachta de ghnáth, lena n-áirítear cuideachtaí amhail Jiangshan Wood a dhíolann trí thrádálaithe. Thairis sin, dá ndéanfaí asbhaintí ó mhéid neamhshaofa chostais SGA ó tháirgeoir atá lonnaithe i dtír ionadaíoch chun costais iarbhír Jiangshan Wood a léiriú, rachadh sé in aghaidh an chuspóra costais neamhshaofa cuideachta a shuí. Ar deireadh, cé nár thuairiscigh Jiangshan Wood féin aon speansas díola don Choimisiún, ní fianaise é sin nach raibh speansas ann - go ginearálta, ní raibh córas cuntasaíochta na cuideachta in ann costais a shainaithint ar bhealach mionsonraithe. Ar chuairt fíorúcháin ar an gcuideachta, thug seirbhísí an Choimisiúin cuairt ar roinn díolacháin agus bhuail siad le bainisteoir díolacháin, rud a chur in iúl gur thabhaigh an chuideachta costais díola. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

Maímh maidir lena ábhartha atá sé sonraí Pelit Arslan a úsáid chun tagarmharc a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis tar éis an nochta deiridh

(138) Ina theannta sin, mheas PTIA go raibh na sonraí earnála ina dtagarmharc níos iomchuí chun costais SGA agus brabús a shuí toisc gur léirigh sé go raibh tionscal sraithadhmaid na Síne comhdhéanta de FBManna agus go raibh sé an-ilroinnte. D'áitigh sé freisin, dá n-úsáidfeadh an Coimisiún na sonraí earnála, gur cheart a léiriú leis na táscairí airgeadais atá le cur san áireamh go bhfuil na costais mhaoiniúcháin le haghaidh na gcostas neamhghnách boilscithe agus iasachtaíochta atá thar a bheith ard sa Tuirc, le ráta úis 45 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus gur cheart dó costais dáileacháin a asbhaint freisin i gcás nár thabhaigh Jiangshan Wood na costais sin. Chuir PTIA maímh chomhchosúla isteach arís ina aighneacht an 16 Deireadh Fómhair 2025. D'áitigh sé, murab ionann agus maímh na ngearánach, go raibh na sonraí earnála ar fáil ní hamháin le haghaidh 2022 ach le haghaidh 2024 freisin, agus go bhféadfadh roinnt sraithadhmaid a bheith níos saoire ná clár snáithíneach meándlúis nó táirgí urláir ar cháilíocht níos fearr.

(139) Mheas PTIA freisin nach raibh 45,2 % de chostais SGA agus den bhrabús réasúnta ós rud é go raibh sé ró-ard agus go raibh sé saofa ag hipearbhoilsciú, díluacháil airgeadra agus costais arda iasachtaíochta sa Tuirc, agus d'iarr sé ar an gCoimisiún athbhreithniú anuas a dhéanamh air. D'iarr PTIA ar an gCoimisiún cóimheas costais maoiniúcháin tíortha eile a úsáid mar athróg ionadach agus mhol sé athróg ionadach 6.

(140) D'áitigh PTIA freisin, de réir ráiteas ar a shuíomh gréasáin ([83]), go dtáirgeann Pelit Arslan cineálacha eile táirgí freisin agus, dá bhrí sin, go raibh sonraí ó aonaid ghnó eile i ráitis airgeadais na cuideachta sin. Thagair sé freisin do dhá shuíomh gréasáin eile a bhaineann le cuideachtaí laistigh den ghrúpa céanna ina luaitear táirgí eile ([84]). D'áitigh PTIA freisin go raibh sraithadhmad ón Rúis agus ó Vítneam á úsáid ag an gcuideachta.

(141) D'áitigh PTIA freisin gur diúltaíodh do shonraí na cuideachta sin in imscrúdú ar urlárlach adhmaid ilsrathach inar measadh go raibh siad ró-ard agus, dá bhrí sin, nach raibh siad ionadaíoch ([85]).

([83]) https://turanlargroup.com/sirket-detay.php?slug=pelit-arslan-kontraplak-fab-as&id=5.
([84]) https://www.peliparke.com/, https://pelicompact.com/
([85]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/78 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí urlárlaigh adhmaid ilsrathaigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/78, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/78/oj), aithris (164).

(142) Chun argóintí PTIA a bhréagnú, d'áitigh an gearánach go raibh Pelit Arslan mar chuid de Turanlar Group níos mó ach gur táirgeoir sraithadhmaid laistigh den ghrúpa é Pelit Arslan. Ní raibh na táirgí a luaigh PTIA á dtáirgeadh ag Pelit Arslan ach ag cuideachtaí comhlachaithe eile laistigh den ghrúpa amhail PeliParke (urlárlach adhmaid, painéil ballaí, cláir sciorta, etc.) ([86]) nó Vezirköprü Orman Ürünleri Ve Kağit San. A.Ş.(clár snáithíneach meándlúis, urlár lannáin, painéil soilse agus ballaí eile, táirgí páipéir, etc.) ([87]). D'áitigh sé go raibh tuarascáil airgeadais Pelit Arslan cuideachta-shonrach agus nár thuarascáil chomhdhlúite í a léiríonn sonraí an ghrúpa, agus gur sonraíodh na torthaí airgeadais a bhaineann leis an ngnó sraithadhmaid ar an tuarascáil féin.

(143) Thairis sin, d'áitigh an gearánach gur thagarmharc níos réasúnta agus níos iontaofa é úsáid a bhaint as sonraí Pelit Arslan agus gur léirigh sé ar bhealach níos fearr coinníollacha an táirge lena mbaineann sa tír ionadaíoch, in ionad sonraí comhdhlúite earnála i bhfad níos leithne. D'áitigh sé go raibh an leibhéal bunaithe de chostais SGA i gcomhréir den chuid is mó leis an gcóimheas SGA 16,1 % bunaithe ar shonraí rialtas na Tuirce ar an tionscal próiseála adhmaid, ar leibhéal ionadaíoch é i ndáiríre do thionscail níos leithne agus ní hamháin do dheighleog an tsraithadhmaid. Maidir leis an gcóimheas brabúis 23,6 %, chuir an gearánach in iúl nach mór a mheas go bhfuil sé réasúnach mar gheall ar chineál den scoth na bpainéal sraithadhmaid crua-adhmaid i gcomparáid le painéil eile de bhunús adhmaid amhail clár snáithíneach meándlúis nó clár sliseog treoshuite, chomh maith le táirgí adhmaid eile.

(144) Ar an gcéad dul síos, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh gur cheart dó filleadh ar shonraí earnála. Fiú má bhí na sonraí ar fáil le haghaidh 2022, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh sonraí ann faoi chuideachtaí in earnáil níos mó. Míníodh go mion in aithris (84) den Doiciméad Ginearálta um Nochtadh gur úsáideadh na sonraí sin ar dtús toisc nach raibh faisnéis níos cruinne ann. Is éard a bhí i sonraí airgeadais cuideachta a tháirgeann an táirge lena mbaineann, dar leis, athróg ionadach níos fearr chun an tagarmharc a shuí. Shuigh an Coimisiún gur cheart diúltú do shonraí airgeadais Pelit Arslan san imscrúdú reatha ós rud é nár measadh gurbh iomchuí san imscrúdú ar urlárlach adhmaid ilsrathach a bheith gan bhunús - bhain an t-imscrúdú ar urlárlach adhmaid ilsrathach le sonraí le haghaidh na bliana airgeadais 2023 agus, dá bhrí sin, níor bhain siad le sonraí 2024, mar a measadh san imscrúdú reatha.

(145) Ar an dara dul síos, shuigh an Coimisiún nach raibh bunús le maíomh PTIA gur tháirg Pelit Arslan táirgí éagsúla. Mar a léirigh an gearánach, bhain na suíomhanna gréasáin a luaigh PTIA ina aighneacht le gníomhaíochtaí an ghrúpa lena mbaineann Pelit Arslan agus le cuideachtaí eile sa ghrúpa. Luaitear freisin go mbaineann na tuarascálacha airgeadais le táirgeadh sraithadhmaid sna ráitis airgeadais a sholáthraítear le bunachar sonraí Dun&Bradstreet.

(146) Chinn an Coimisiún freisin nach raibh bunús le maíomh PTIA maidir leis an leibhéal brabúis agus SGA. Mar a léirigh an gearánach, bhí sé i gcomhréir den chuid is mó leis na sonraí earnála lenar áiríodh táirgeadh táirgí ar luach níos ísle go ginearálta. Ba mhaíomh ginearálta é go bhféadfadh sraithadhmad áirithe a bheith níos saoire ná táirgí adhmaid eile, agus níor thug sé fianaise ann féin go raibh na tagarmharcanna a léiríodh ró-ard. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(147) Maidir leis an maíomh ar na costais arda airgeadais sa Tuirc, chuir an Coimisiún in iúl nár cuireadh aon chostas den sórt sin san áireamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

Conclúid

(148) Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún gur thagarmharc iomchuí iad sonraí airgeadais Pelit Arslan chun leibhéal SGA agus an bhrabúis a shuí.

3.2.4.5. Ríomh

(149) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Jiangshan Wood go ndearna an Coimisiún na costais iompair a chomhaireamh faoi dhó, ós rud é gur áiríodh na costais amhail an lasta intíre sna tíortha is onnmhaireoirí chomh maith le muirlasta agus árachas nuair a bhí an tagarmharc le haghaidh tosca táirgeachta á shuí, agus gur chuir an Coimisiún costais iompair leis na costais mhonaraíochta athríofa freisin.

([86]) https://www.peliparke.com/en.
([87]) https://turanlargroup.com/sirket-detay.php?slug=vezrkopru-orman-urunler-ve-kagit-san-as&id=6.

(150) D'áitigh Jiangshan Wood freisin, dá gcuirfeadh an Coimisiún na costais iompair leo, gur cheart dó na costais iompair thuairiscithe iarbhír a chur leo, seachas na luachanna a mhéadú le cóimheas na gcostas iompair ar luach ceannaigh iarbhír an ionchuir arna thuairisciú ag Jiangshan Wood. D'áitigh sé gur mheas an Coimisiún go raibh na costais sin iontaofa ós rud é gur bhain an Coimisiún úsáid freisin as sonraí trádálaí Shínigh, Pizhou Ouyme, chun an luach CAL a shuí. Mheas sé nár léirigh an Rialachán sealadach go raibh costais iompair sa tSín saofa go suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus, dá bhrí sin, dá gcuirfeadh an Coimisiún na costais iompair le costas an tagarmhairc, ba cheart dó na costais iompair iarbhír a úsáid.

(151) Shoiléirigh an Coimisiún gurbh iad na costais iompair ar leibhéal CAL nó SAB na costais iompair a cuireadh leis an bpraghas tagarmhairc agus, dá bhrí sin, gur áiríodh leo costais seachadta chuig teorainn tíre ionadaíche. Mar sin féin, ní raibh lasta intíre sna costais sin. Ós rud é, faoin modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm faoi Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, gur cheart an gnáthluach a bheith ag teacht le praghas neamhshaofa na n-amhábhar sa tír ionadaíoch, an Tuirc sa chás seo, ba cheart é a bheith ag teacht leis an bpraghas a d'íocfadh táirgeoir sa Tuirc as amhábhar a sheachadtar ag geata na monarchan. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún costais iompair intíre an amhábhair leis an luach tagarmhairc. Dá bhrí sin, níor áiríodh na costais iompair faoi dhó; is éard a bhí sa tagarmharc costais iompair chuig teorainn na tíre ionadaíche agus ba chostais intíre iad na costais iompair a cuireadh leis agus an gnáthluach á ríomh.

(152) Shoiléirigh an Coimisiún freisin gur úsáideadh an costas iompair, mar a thuairiscigh Jiangshan Wood é, mar chéatadán de chostais iompair luach ceannaigh iarbhír an ionchuir a thuairiscigh Jiangshan Wood, mar a mhínítear in aithris (222) den Rialachán sealadach. Suíodh cheana féin san imscrúdú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín agus gur de chineál sistéamach iad. Mheas an Coimisiún go raibh an tionchar céanna ag saobhadh ar chostais iompair. Dá réir sin, d'fhéadfaí an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh gur cheart dó na costais iompair iarbhír a úsáid.

(153) In éagmais barúlacha eile maidir le saincheisteanna ríofa, dheimhnigh an Coimisiún aithris (224) den Rialachán sealadach.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(154) In éagmais barúlacha eile maidir le ríomh an phraghais onnmhairiúcháin, dheimhnigh an Coimisiún aithris (235) den Rialachán sealadach.

3.4. **Comparáid**

(155) Mar a mhínítear in aithrisí (236) go (237) den Rialachán sealadach, bhí an luach CAL a suíodh lena úsáid mar ainmneoir le haghaidh na ríomhanna dumpála bunaithe ar phraghas díreach ón monarcha Jiangshan Wood lenar chuir an Coimisiún costais mhuirlasta, mar aon le costais SGA agus brabús trádálaí neamhchomhlachaithe. Mar a mhínítear sa Rialachán sealadach (aithris (237)), chun na coigeartuithe sin a shuí chun teacht ón bpraghas díreach ón monarcha go dtí an luach CAL, bhí an Coimisiún ag brath ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí (Innéacs Coimeádán Domhanda Drewry) i gcás muirlasta, agus ar an tuarascáil airgeadais ó cheann de na trádálaithe neamhchomhlachaithe a sholáthair Jiangshan Wood.

(156) D'iarr an Coimisiún ar thrádálaithe neamhchomhlachaithe Jiangshan Wood oibriú i gcomhar chun a sonraí iarbhír maidir le costais mhuirlasta, costais SGA agus brabús a sholáthar. Chuir na cúig thrádálaí seo a leanas sonraí ar fáil: Jiangsu Sainty Land-up Pro-trading Co., Ltd, Lianyungang Yuantai International Co., Ltd., Pizhou Ouyme Import & Export Trade Co., Ltd., Sumec International Technology Co., Ltd. agus Shanghai Fanhong Commerce Co., Ltd. Bhí an anailís ar an bhfaisnéis a sholáthair na trádálaithe comhfhreagrach do na costais a shuigh an Coimisiún ag an gcéim shealadach. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún na luachanna CAL, mar a cinneadh sa nochtadh sealadach.

(157) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh Jiangshan Wood gurb é a bheadh mar thagarmharc níos iomchuí chun na luachanna CAL a shuí méid uasmharcála a ríomh le haghaidh rannpháirtíocht na dtrádálaithe bunaithe ar a gcuid sonraí. D'áitigh sé go raibh sé sin amhlaidh toisc nach raibh sé soiléir cé na téarmaí tráchtála idirnáisiúnta faoinar dhíol na trádálaithe, agus go sonrach Pizhou Oyeme, an táirge lena mbaineann leis an Aontas.

(158) Shoiléirigh an Coimisiún gur suíodh costais na dtrádálaithe lena mbaineann idir praghas díreach ón monarcha Jiangshan Wood bunaithe ar fhaisnéis ó na trádálaithe a chumhdaigh beagnach 90 de mhéid díolachán agus luach díolachán Jiangshan Wood leis an Aontas, agus gur chuir sé na téarmaí tráchtála idirnáisiúnta éagsúla san áireamh. Dá bhrí sin, measadh go raibh an mhodheolaíocht sin cruinn agus iontaofa. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(159) In éagmais barúlacha eile, dheimhnigh an Coimisiún aithrisí (236) go (237) den Rialachán sealadach.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

3.5.1. *Corrlach dumpála aonair le haghaidh Jiangshan Wood*

(160) Tar éis maímh ó pháirtithe leasmhara mar a shonraítear i Roinn 3, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an gcorrlach dumpála aonair le haghaidh Jiangshan Wood. Is é seo a leanas an corrlach dumpála cinntitheach arna shloinneadh ina chéatadáin den phraghas costais, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	43,3

3.5.2. *Corrlach dumpála le haghaidh gach allmhaire eile*

3.5.2.1. An modh chun an corrlach dumpála a ríomh le haghaidh gach allmhaire eile

(161) Mar a luaitear i Roinn 1.7, chuir comhlachas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, CEP agus CNFPIA i gcoinne an chinnidh éirí as an tsampláil agus i gcoinne an fhíorais nár shuigh an Coimisiún ach corrlach amháin le haghaidh na n-allmhairí uile dá bhrí sin, cé is moite de Jiangshan Wood a fuair corrlach dumpála aonair. D'iarr na páirtithe sin ar an gCoimisiún an ráta dleachta iarmharach a athríomh bunaithe ar chorrlach dumpála Jiangshan Wood amháin. D'áitigh CNFPIA go háirithe go raibh sé éagórach agus míréasúnta go mbeadh an dleacht chéanna ag táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte, a chomhdaigh foirmeacha samplála go tráthúil, agus atá ag cuideachtaí neamh-chomhoibríocha. Dar leis, ba cheart an dleacht frithdhumpála chéanna a bheith ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte, a chomhdaigh foirmeacha samplála go tráthúil, agus atá ag Jiangshan Wood. Chuir sé an maíomh céanna isteach arís tar éis an nochta deiridh. D'iarr CNFPIA ar an gCoimisiún freisin liosta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin neamhshampláilte, a chomhdaigh foirmeacha samplála go tráthúil, a nochtadh agus ríomh mionsonraithe na dleachta le haghaidh 'gach allmhaire eile' a nochtadh ionas go bhféadfadh sé barúil a thabhairt. Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA freisin gur cheart aon chuideachta a chomhlánaigh an fhoirm shamplála a lua in iarscríbhinn ar leithligh nó déantar difear diúltach dá cearta cosanta chun agóid a dhéanamh i gcoinne thorthaí an Choimisiúin os comhair chúirteanna an Aontais.

(162) Maidir leis an gcuspóir gan an dleacht iarmharach a shuí bunaithe ar chorrlach dumpála an pháirtí chomhoibríoch amháin ó na páirtithe a sampláladh ar dtús, mheabhraigh an Coimisiún nach raibh i gceist leis an gcuspóir sin pionós a ghearradh ar na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte, ach dleacht a shuí bunaithe ar na sonraí is fearr a bhí ar fáil, i bhfianaise na heaspa comhair ó na cuideachtaí a sampláladh ar dtús. D'easaontaigh an Coimisiún gur cheart an ráta dleachta le haghaidh na dtáirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte a bheith bunaithe ar an ráta dleachta le haghaidh Jiangshan Wood. D'fhéadfadh sé nach raibh corrlach dumpála ionadaíoch ann mar thoradh ar chorrlach dumpála a shuí le haghaidh na n-allmhairí uile bunaithe ar shonraí cuideachta amháin, ós rud é, sa chás sonrach seo, nach raibh in onnmhairí Jiangshan Wood chuig an Aontas ach thart ar 5 de na honnmhairí uile chuig an Aontas. Tá sé sin éagsúil le cás ina bhfuil corrlach dumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte bunaithe ar shampla atá ionadaíoch go leor. Sa chás sin, éiríodh as an tsampláil agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon mheándleacht shampláilte le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte a ríomh.

(163) Mheabhraigh an Coimisiún freisin, a mhéid a bhaineann leis an bpraghas onnmhairiúcháin, gur bunaíodh an dleacht iarmharach cheana féin ar shonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin uile toisc gur bunaíodh na praghsanna onnmhairiúcháin ar staidreamh Eurostat. A mhéid a bhaineann leis an ngnáthluach, úsáideadh sonraí Jiangshan. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur modh réasúnta agus cruinn é sin chun an ráta dleachta iarmharach a ríomh agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(164) Maidir leis an iarraidh ar liosta na gcuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte a nochtadh, mheabhraigh an Coimisiún go bhféadfaí freagraí samplála na gcuideachtaí a cheadú sa chomhad oscailte. Ní bheadh liosta na gcuideachtaí mar chuid de Rialachán ach amháin i gcás ina bhfaigheadh na cuideachtaí sin cód TARIC agus ráta dleachta aonair, rud nárbh amhlaidh sa chás seo. Thairis sin, cé nach raibh na cuideachtaí liostaithe in iarscríbhinn ar leithligh, ní dhearna sé sin difear do cheart na gcuideachtaí agóid a dhéanamh i gcoinne thorthaí an Choimisiúin i gCúirteanna an Aontais. Dá bhrí sin, d'easaontaigh an Coimisiún gur cheart dó liosta táirgeoirí comhoibríocha neamhshampláilte a nochtadh go sonrach.

(165) Maidir leis na ríomhanna, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir iad sin a nochtadh, ós rud é go raibh na ríomhanna bunaithe ar ghnáthluach Jiangshan Wood. Dá bhrí sin, nochtfaí sonraí rúnda na cuideachta dá nochtfaí na ríomhanna. Mar sin féin, chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh an modh maidir leis an gcaoi ar suíodh an leibhéal dleachta le haghaidh gach allmhaire eile mionsonraithe go leordhóthanach i Roinn 3.5 den Rialachán sealadach, rud a chuir ar chumas na bpáirtithe barúlacha a thabhairt. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh gur cheart ríomh dleachta mionsonraithe le haghaidh gach allmhaire eile a nochtadh.

(166) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Saintland Wood nach raibh sé réasúnach dhá leibhéal den dleacht frithdhumpála a shuí, leibhéal amháin le haghaidh Jiangshan Wood, agus an dara leibhéal le haghaidh gach cuideachta eile, agus gur cheart don Choimisiún a mheas ina ionad sin gur iompair na cuideachtaí neamh-chomhoibríocha iad féin mar Jiangshan Wood. Luaigh sé, in ainneoin nach raibh roinnt cuideachtaí toilteanach comhoibriú, go raibh siad faoi réir bearta pionósacha.

(167) Mheabhraigh an Coimisiún ar dtús nár socraíodh an dleacht iarmharach chun éifeacht éagórach a bheith aici. I gcás neamh-chomhoibrithe, ní raibh aon rogha eile ag an gCoimisiún ach a thorthaí a bhunú ar 'fhíorais a bhí ar fáil' agus sa chás áirithe seo, bhí an dleacht ag teacht le praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí neamh-chomhoibríocha uile agus, dá bhrí sin, léirigh an modh iompraíocht na dtáirgeoirí neamh-chomhoibríocha ar bhealach níos cruinne ná mar a bheadh sé dá mbeadh an dleacht bunaithe ar shonraí Jiangshan Wood amháin. Mheabhraigh an Coimisiún gur míníodh é sin go mion i Roinn 1.6.2 thuas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.5.2.2. Barúlacha maidir le leibhéal an chorrlaigh dumpála agus cinneadh an phraghais onnmhairiúcháin

(168) Mhaígh an gearánach go raibh an corrlach dumpála le haghaidh Jiangshan Wood, agus le haghaidh táirgeoirí eile sa tSín, an-íseal i bhfianaise an tsaofa margaidh atá sa tionscal sraithadhmaid sa tSín, agus i bhfianaise na leibhéal praghsála an-íseal atá ar fáil go forleathan le haghaidh allmhairí ón tSín san Aontas. D'áitigh sé go raibh na corrlaigh dhumpála i bhfad níos ísle freisin i gcomparáid leis na leibhéil díothaithe díobhála a chinn an Coimisiún. Dá bhrí sin, níor leor leibhéil na ndleachtanna sealadacha chun cothrom iomaíochta a bhaint amach agus chun ligean do tháirgeoirí an Aontais téarnamh ón díobháil ábhartha. D'áitigh an gearánach freisin, i bhfianaise leibhéal an-íseal an chomhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, gur cheart don Choimisiún an corrlach lánroghnach leathan atá aige i gcásanna cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus an dleacht frithdhumpála is airde is féidir a chur i bhfeidhm maidir le gach táirgeoir neamh-chomhoibríoch eile de chuid na Síne.

(169) D'áitigh an gearánach freisin, ar bhonn na faisnéise sa chomhad oscailte (amhail foirm samplála nó nótaí maidir leis na tosca táirgeachta), go n-onnmhairíonn Jiangshan Wood poibleog go príomha, arbh í an sraithadhmad crua-adhmaid ba shaoire í go mór fada i gcomparáid le cineálacha eile sraithadhmaid. Chuir sé in iúl gur cinneadh an praghas onnmhairiúcháin go príomha ar bhonn na n-allmhairí uile chuig an Aontas lena n-áirítear sraithadhmad poibleoige níos saoire ach sraithadhmad eocalaipe agus beithe freisin atá níos costasaí. Chuir an gearánach na difríochtaí sa phraghas isteach bunaithe ar shonraí Eurostat a léirigh an difríocht sa phraghas. Dá bhrí sin, d'iarr sé ar an gCoimisiún an cur chuige a athrú tríd an bpraghas onnmhairiúcháin a choigeartú agus tríd an bpraghas onnmhairiúcháin amháin a úsáid le haghaidh sraithadhmad poibleoige, ós rud é gur mheas sé go bhfreagródh an modh sin d'iompraíocht dumpála na n-onnmhaireoirí neamh-chomhoibríocha ar bhealach níos fearr.

(170) D'ainneoin líomhaintí an ghearánaigh, d'onnmhairigh Jiangshan Wood cineálacha eile sraithadhmad atá níos costasaí chuig an Aontas, amhail sraithadhmad eocalaipe agus beithe, agus ní hamháin poibleog. Dá bhrí sin, ní raibh údar leis an bpraghas onnmhairiúcháin a bhunú ar onnmhairí sraithadhmaid poibleoige amháin, ós rud é go raibh cineálacha eile sraithadhmaid atá níos costasaí ina sciar leordhóthanach d'onnmhairí Jiangshan Wood. Bhí na sciartha sin d'adhmad poibleoige agus de chineálacha níos costasaí eile a d'onnmhairigh Jiangshan Wood inchomparáide le sciartha sna hallmhairí foriomlána sraithadhmaid crua-adhmaid isteach san Aontas ón tSín, rud a dheimhnigh go raibh úsáid staitisticí Eurostat chun an praghas onnmhairiúcháin a shuí sa chás seo réasúnta agus cruinn. Dá bhrí sin, d'áitigh an Coimisiún nach raibh aon neamhshiméadracht ann mar thoradh ar an modh a d'úsáid sé chun an corrlach dumpála a shuí le haghaidh gach allmhaire eile agus go raibh an modh sin cruinn agus réasúnta. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh.

3.5.2.3. Corrlach dumpála cinntitheach le haghaidh gach allmhaire eile

(171) Tar éis an athbhreithnithe ar ghnáthluach Jiangshan Wood mar a shonraítear i Roinn 3.2, is mar seo a leanas atá an corrlach dumpála cinntitheach le haghaidh gach allmhaire eile, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas costais, árachais agus lasta (CAL) ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Gach allmhaire eile	86,8

4. **DÍOBHÁIL**

(172) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir PTIA in iúl gur bhraith an Coimisiún ar shonraí ó mhacraicheistneoir ó European Panel Federation ('EPF') in aithris (247) den Rialachán sealadach gan foinsí na sonraí a lua.

(173) Threoraigh an Coimisiún PTIA chuig an leagan poiblí den fhreagra ar an macraicheistneoir ([88]) ina dtagraítear d'fhaisnéis rúnda ó EPF. Fíoraíodh an freagra ó EPF ar an gceistneoir agus bhí an tuarascáil ar fáil sa chomhad poiblí ([89]).

(174) Tar éis an nochta shealadaigh, d'iarr PTIA ar an gCoimisiún a léiriú go soiléir cé na cuideachtaí a áiríodh faoin téarma 'Gearánach'.

(175) Shainmhínigh an Coimisiún an téarma 'Gearánach' in aithris (2) den Rialachán sealadach.

(176) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA go raibh an anailís díobhála lochtach toisc nach raibh anailís inti in aghaidh an speicis crua-adhmaid.

(177) Diúltaíodh don mhaíomh ar an bhforas nach raibh údar le hanailís díobhála ar leithligh a dhéanamh ar gach speiceas éagsúil, i bhfianaise an tsainmhínithe ar an táirge lena mbaineann, féach aithrisí (45) agus (46) den Rialachán sealadach. Thairis sin, rinneadh scrúdú ar na príomhspeicis, i.e. poibleog, beith agus eocalaip, san anailís díobhála agus san anailís dumpála araon.

(178) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh PTIA gur cuireadh cosc air anailís chríochnúil fhóinteach a dhéanamh ar an ngearán mar gheall ar láimhseáil rúnda iomarcach gan údar. Ní raibh údar le comhiomlánú na dtáscairí díobhála do na naoi ngearánach, rud a chuir ar chumas PTIA na treochtaí a fheiceáil ach a chuir cosc ar shonraí a fhíorú i mblianta aonair nó táscairí díobhála a sheiceáil ar mhaithe le comhsheasmhacht. D'áitigh PTIA nár comhlíonadh an caighdeán dlíthiúil oibiachtúil maidir le láimhseáil rúnda táscairí díobhála.

(179) Dheimhnigh an Coimisiún a thorthaí in aithris (13). Cuimsíodh sa ghearán fianaise leordhóthanach maidir le tosca díobhála a bhí ar fáil go réasúnta. Tríd na sonraí sin a nochtadh sa chomhad oscailte ar bhealach comhiomlánaithe, baineadh cothromaíocht leordhóthanach amach idir ceart an ghearánaigh ar láimhseáil rúnda a chuid faisnéise agus ceart cosanta na bpáirtithe leasmhara. Leis na sonraí, bhíothas in ann anailís a dhéanamh ar na treochtaí i dtáscairí díobhála lenar soláthraíodh fianaise leordhóthanach chun cinneadh *prima facie* faoi dhíobháil a dhéanamh tráth an tionscnaimh. Thug an Coimisiún dá aire gur deimhníodh a chinneadh dearfach *prima facie* maidir le díobháil a bheith ann tráth an tionscnaimh ag céim shealadach agus chinntitheach an imscrúdaithe.

(180) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA gur cheart anailís díobhála dheighilte a dhéanamh, i gcás ina measfaidh an Coimisiún go fóill go raibh an sainmhíniú ar an táirge ceart agus comhsheasmhach leis an gcás maidir le sraithadhmad beithe ón Rúis, .

([88]) Tá an freagra ar an macraicheistneoir ar fáil ag t24.011339 sa chomhad poiblí.
([89]) t25.00938.

(181) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc nár shainigh PTIA na deighleoga beachta a raibh sé i gceist anailís ar leithligh a dhéanamh orthu, agus nár sholáthair sé fianaise gur ann dóibh agus na línte deighilte soiléire eatarthu. I ndáil leis sin, tagairt do rialú na Cúirte sa chás maidir le sraithadhmad beithe ón Rúis ina ndearnadh idirdhealú idir poibleog, beith agus feá mar speicis adhmaid a úsáidtear don veinír aghaidhe, níor measadh go raibh an tagairt sin leordhóthanach ná beacht go leor. Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún in aithrisí (53), (64), (74) agus (242) go raibh sraithadhmad beithe agus sraithadhmad eocalaipe, mar aon le sraithadhmad eocalaipe agus sraithadhmad feá inmhalartaithe agus, dá bhrí sin, go raibh iomaíocht idir na táirgí sin. Ní dhearna na páirtithe leasmhara agóid in aghaidh na dtorthaí sonracha sin. I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh don mhaíomh.

4.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais**

(182) In éagmais barúlacha maidir leis an sainmhíniú ar thionscal an Aontais, deimhníodh aithrisí (246) go (247) den Rialachán sealadach.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(183) In éagmais barúlacha maidir le tomhaltas an Aontais, deimhníodh aithrisí (248) go (250) den Rialachán sealadach.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(184) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CEP, ar comhlachas *ad hoc* de tháirgeoirí Síneacha é, gur cheart go mbeadh méadú mór tagtha ar allmhairí mar thoradh ar an laghdú ar phraghsanna allmhairiúcháin na Síne in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina ionad sin, tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ón tSín in 2023 i gcomparáid le 2022, an bhliain roimhe sin, agus níor tháinig ach méadú beag air le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(185) Diúltaíodh don argóint, toisc go ndearna roinnt tosca eile difear do mhéid na n-allmhairí seachas praghsanna amháin. In 2022, ba iad na tosca sin sraithadhmad na Rúise agus na Bealarúise a bhaint de mhargadh an Aontais le smachtbhannaí agus an coinne a bhí le téarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19 lenar tháinig méadú mór ar orduithe. D'ardaigh na tosca sin cainníocht na n-allmhairí ón tSín in 2022. Ní raibh éifeacht na bhfachtóirí sin chomh suntasach céanna, áfach, sna blianta ina dhiaidh sin, ionas gur tháinig laghdú ar allmhairí ar dtús in 2023 sular tháinig méadú orthu arís le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(186) In éagmais barúlacha maidir le praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann, deimhníodh aithrisí (258) go (260) den Rialachán sealadach.

(187) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne PTIA agóid i gcoinne ionadaíochas ríomh an tsladghearrtha agus an ghearrdhíola agus d'áitigh sé nach bhféadfaí sraithadhmad eocalaipe scannán-chlúdaithe a chur i gcomparáid le táirgeacht thionscal an Aontais agus gur cheart é a dhiúltú ó raon feidhme an táirge mar a mhínítear agus mar a thugtar aghaidh air i Roinn 2.1.2. Dá ndiúltófaí don diúltú ó raon feidhme an táirge, d'iarr PTIA ar an gCoimisiún comparáid chothrom a áirithiú tríd an difríocht sa phraghas idir saintréithe struchtúracha agus neamhstruchtúracha a chur san áireamh sna ríomhanna.

(188) Chinn an Coimisiún gurbh iad poibleog agus eocalaip a bhí i bhformhór mór an tsraithadhmaid crua-adhmaid scannán-chlúdaithe a allmhairíodh ón tSín, agus gur tháirg táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a rinne gearán sraithadhmad crua-adhmaid scannán-chlúdaithe agus úsáid á baint as beith den chuid is mó. Bhí difríocht sa phraghas sa táirge a tháinig as sin mar gheall ar an éagsúlacht i bpraghas an amhábhair a úsáideadh. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún coigeartú i ngeall ar cháilíocht, bunaithe ar an difríocht sa phraghas idir an meánphraghas ceannaigh a íocadh le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar lomáin poibleoige agus beithe san Aontas, chun comparáid fhóinteach a dhéanamh idir cineálacha sraithadhmaid crua-adhmaid scannán-chlúdaithe arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais agus arna n-allmhairiú ón tSín. Ba é toradh an choigeartaithe laghdú ar an gcorrlach sladghearrtha ó 46,3 % go 32,3 agus ar an gcorrlach gearrdhíola ó 144,37 % go 93,16 % i gcás Jiangshan Wood agus laghdú comhfhreagrach ó 192,7 % go 185,9 % i gcás gach allmhaire eile ón tSín.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(189) In éagmais barúlacha maidir le barúlacha ginearálta, deimhníodh aithrisí (264) go (268) den Rialachán sealadach.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(190) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CEP gur lean an acmhainneacht táirgeachta de bheith cobhsaí agus gur ghnáthrud é laghdú 11 % ar an táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(191) Diúltaíodh don argóint, toisc go ndearna laghdú 11 ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin dochar do thionscal an Aontais, go háirithe i bhfianaise na bearna sa mhargadh a cruthaíodh leis na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise.

(192) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA go raibh úsáid acmhainneachta thionscal an Aontais cobhsaí.

(193) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh toisc gur tháinig laghdú 9 ar an úsáid acmhainneachta ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin.

(194) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA go raibh sé earráideach gur mheas an Coimisiún in aithris (270) den Rialachán sealadach go bhféadfadh tionscal an Aontais a acmhainneacht táirgeachta a mhéadú chun cuid den bhearna a cruthaíodh sa mhargadh trí shraithadhmad crua-adhmaid na Rúise agus na Bealarúise a thoirmeasc in 2022 a líonadh.

(195) Tar éis fhorchur an toirmisc ar shraithadhmad crua-adhmaid ón Rúis agus ón mBealarúis, ós rud é go raibh acmhainneacht táirgeachta bhreise mhór ag tionscal sraithadhmaid an Aontais, bhí údar leis an gcoinne a bhí aige go n-aistreoidh an t-éileamh ar shraithadhmad crua-adhmaid chuig a tháirgí féin. Ina ionad sin, soláthraíodh an t-éileamh sin, go páirteach ar a laghad, le hallmhairí dumpáilte agus díobhálacha ón tSín. Maidir le hinfhaighteacht amhábhar le haghaidh méadú den sórt sin, atá faoi dhíospóid ag PTIA, ní chuirtear san áireamh lománaíocht plandálacha cúltaca ná an trádáil i lomáin agus veinír.

(196) Tar éis an nochta shealadaigh, thug PTIA dá aire go raibh úsáid acmhainneachta 66 réalaíoch do thionscal an Aontais. Thairis sin, mhaígh CEP go raibh an úsáid acmhainneachta íseal cheana féin ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, in 2021. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir an laghdú a tháinig air ina dhiaidh sin a chur i leith allmhairí ón tSín ach i leith easpa ginearálta fios gnó i dtionscal an Aontais.

(197) Dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí sin, ní raibh aon fhianaise mar thaca leo.

4.4.2.2. Cainníocht na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(198) In éagmais barúlacha maidir le cainníocht na ndíolachán, deimhníodh aithrisí (273) go (275) den Rialachán sealadach.

(199) Tar éis an nochta shealadaigh, thug PTIA dá aire gur tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais. D'áitigh siad go raibh an míniú a chuirtear ar fáil in aithris (276) den Rialachán sealadach as ar eascair laghdú ar an tomhaltas mar thoradh ar tháirgí sraithadhmaid crua-adhmaid ón Rúis agus ón mBealarúis a eisiamh ó mhargadh an Aontais neamhloighciúil toisc gur lean sraithadhmad neamhdhleathach ón Rúis de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais mar is léir ó chonclúidí an imscrúdaithe frith-imchéimniúcháin ar shraithadhmad crua-adhmaid beithe ón gCasacstáin agus ón Tuirc ([90]) ('an t-imscrúdú frith-imchéimniúcháin'). Dúirt PTIA freisin go raibh an laghdú ar thomhaltas nasctha le normalú an éilimh tar éis an téarnaimh eacnamaíoch i ndiaidh COVID.

([90]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1287 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2024 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1930 ar allmhairí sraithadhmaid beithe de thionscnamh na Rúise chun allmhairí sraithadhmaid beithe arna gcur chun bealaigh ón Tuirc agus ón gCasacstáin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Tuirce agus na Casacstáine iad nó ná bíodh (IO L, 2024/1287, 14.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1287/oj.

(200) Diúltaíodh don mhaíomh toisc gur aimsíodh fianaise san imscrúdú frith-imchéimniúcháin gur allmhairíodh 130 900 m³ de shraithadhmad crua-adhmaid ón Rúis tríd an gCasacstáin agus tríd an Tuirc i mí Iúil 2022 go mí an Mheithimh 2023, arbh ionann é agus níos lú ná 10 den mhéid a allmhairíodh ón Rúis agus ón mBealarúis in 2021, i.e. an bhliain dheireanach sular tugadh isteach na smachtbhannaí. Dá bhrí sin, má díláithríodh na hallmhairí ón Rúis agus ón mBealarúis chuig coinsíneachtaí ón gCasacstáin agus ón Tuirc, ní raibh sé ach teoranta.

(201) In aon chás, tháinig laghdú 12 nó níos mó ná 165 000 m³ ar dhíolacháin thionscal an Aontais idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin, ach tháinig méadú 16 agus os cionn 100 000 m³ ar allmhairí ón tSín sa tréimhse chéanna. Tháinig méadú 25 ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin ach tháinig méadú 67 ar sciar allmhairí na Síne le linn na tréimhse céanna. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

4.4.2.3. Fás

(202) In éagmais barúlacha maidir le fás, deimhníodh aithris (278) den Rialachán sealadach.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(203) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CEP go raibh leibhéal fostaíochta thionscal an Aontais cobhsaí agus gur léirigh a tháirgiúlacht forbairt dhearfach.

(204) Diúltaíodh do na hargóintí, toisc gur léirigh an laghdú 2 % ar an bhfostaíocht, an laghdú 11 % ar an méid táirgeachta agus an laghdú 9 % ar an táirgiúlacht meath ar staid thionscal an Aontais seachas cobhsaíocht nó feabhsú a chur in iúl mar a d'áitigh CEP. Mheabhraigh an Coimisiún freisin nach raibh a anailís díobhála statach amháin, i.e. nach ndearnadh comparáid idir críochphointí amháin inti, ach go raibh sí dinimiciúil freisin toisc go ndearnadh anailís ar an treocht idir críochphointí freisin. Sa chás i dtrácht, deimhníodh leis an anailís dhinimiciúil ar na sonraí maidir le fostaíocht, méid táirgeachta agus táirgiúlacht gur ann do dhíobháil ábhartha.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(205) In éagmais barúlacha maidir le méid an chorrlaigh dumpála agus maidir le téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo, deimhníodh aithrisí (283) go (284) den Rialachán sealadach.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(206) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir PTIA i dtábhacht gur cuireadh in iúl leis an méadú mór ar phraghsanna díola an Aontais idir 2021 agus 2023 nach ndearnadh aon díobháil do thionscal an Aontais.

(207) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc gur fritháiríodh an méadú ar an bpraghas díola leis an méadú mór a tháinig ar chostais táirgthe. Mar thoradh ar an ísliú praghsanna de bharr allmhairí, chaill tionscal an Aontais brabúsacht, rud a léiríonn díobháil ábhartha. Thairis sin, mheas an Coimisiún freisin nár cheart conclúidí maidir le staid fhoriomlán thionscal an Aontais a bheith bunaithe ar tháscairí díobhála áirithe ina n-aonar, ach ar mheasúnú ar fhorbairt thacar iomlán na dtáscairí díobhála le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.3.2. Costais saothair

(208) In éagmais barúlacha maidir le costais saothair, deimhníodh aithrisí (289) agus (290) den Rialachán sealadach.

4.4.3.3. Fardail

(209) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA gur cheart a mheas go bhfuil an méadú ar leibhéal an stoic neamhábhartha ós rud é, nuair a shloinntear é mar chéatadán den táirgeacht, nár tháinig ach méadú air ó 1,74 in 2021 go 2,43 le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(210) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir PTIA ina choinne gur tháinig méadú ar stoic i dtéarmaí coibhneasta agus i ndearbhthéarmaí araon, faoi mar a rinne an Coimisiún measúnú orthu. Bhí 44 504 m^3 den táirge faoi imscrúdú i dtéarmaí réadacha i gceist leis an 2,43 % de stoic sraithadhmaid crua-adhmaid nár díoladh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a thug PTIA 'neamhábhartha' air, i.e. níos mó ná an méid sraithadhmaid beithe ón Rúis a bhfuarthas amach gur imchéimníodh é tríd an Tuirc san imscrúdú frith-imchéimniúcháin. Thairis sin, is éard atá i gceist le haon mhéadú ar stoic costas dá shealbhóir nach mór a mhaoiniú. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(211) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir PTIA imní in iúl maidir le hionadaíocht bhrabúsacht na gcuideachtaí sampláilte. Shainaithin sé táirgeoirí sraithadhmaid beithe áirithe a thuairiscigh torthaí maithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'áitigh PTIA nach raibh sé in ann barúil a thabhairt maidir leis na speicis adhmaid a ndéanfaidh na bearta difear níos mó dóibh toisc nach raibh anailís in aghaidh na deighleoige déanta ag an gCoimisiún.

(212) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc go ndearnadh measúnú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais trí scrúdú a dhéanamh ar shampla ionadaíoch a roghnaíodh go cuí de tháirgeoirí de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú. Níor chuir páirtithe leasmhara a ionadaíochas faoi dhíospóid ag céim na samplála. Thairis sin, níor mhonaraigh táirgeoirí de chuid an Aontais, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraíonn PTIA, ach an táirge faoi imscrúdú amháin, trína raibh raon feidhme an imscrúdaithe níos cúinge ná na torthaí airgeadais a d'fhoilsigh siad. Chinn an Coimisiún in aithris (55) den Rialachán sealadach go raibh buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha sraithadhmaid atá déanta as gach speiceas crua-adhmaid mar an gcéanna agus gur chatagóir táirge aonair a bhí iontu, rud a d'fhág nach raibh gá le hanailís a dhéanamh in aghaidh na deighleoige. Rinne PTIA agóid i gcoinne an chinnidh maidir le buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha sraithadhmaid crua-adhmaid ó speicis éagsúla bunaithe ar na torthaí agus ar an rialú ón gCúirt sa chás maidir le sraithadhmad beithe ón Rúis ach diúltaíodh dí in aithrisí (55) agus (56) den Rialachán sealadach agus in aithris (52) thuas. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(213) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA nach raibh praghsanna an Aontais laghdaithe agus gur eascair na saincheisteanna brabúsachta as méaduithe ar an gcostas táirgthe. Mhaígh PTIA gur tháinig méadú ar phraghsanna díola thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin de réir réaltacht an mhargaidh as ar eascair caillteanas brabúsachta, agus gur lean méid díolachán an Aontais an laghdú ginearálta ar thomhaltas. D'áitigh PTIA go ndearna an Coimisiún earráid tríd an laghdú ar thomhaltas a shannadh do thoirmeasc sraithadhmaid ón Rúis agus ón mBealarúis toisc gur léirigh an t-imscrúdú frith-imchéimniúcháin gur lean sraithadhmad beithe ón Rúis de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais.

(214) In éagmais aon fhianaise nua eile, sheas an Coimisiún lena thorthaí in aithrisí (285) go (288) den Rialachán sealadach. Tugadh aghaidh ar an argóint a bhaineann leis an laghdú ar thomhaltas in aithris (200).

(215) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA nach bhfuil aon tagarmharc infheistíochta ann a léiríonn sláinte tionscail, nach bhfuil an tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid dian ar chaipiteal agus thug sé dá aire gur tháinig méadú 8 ar infheistíochtaí idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin.

(216) Lean an Coimisiún lena chinneadh in aithris (296) den Rialachán sealadach gur tháinig laghdú 31 % ar an infheistíocht a rinne tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí tagarmharc agus déine caipitil an tionscal sraithadhmaid crua-adhmaid neamhábhartha toisc nach ndearnadh anailís ar leithligh ar na táscairí díobhála sin ach mar chuid d'anailís níos mó ar tháscairí díobhála ábhartha, rud a chiallaíonn, fiú gan tagarmharc nó measúnú ar dhéine caipitil an tionscail, gur thacaigh an treocht maidir le laghdú ar infheistíocht leis an díobháil ábhartha a bheith ann seachas í a shéanadh.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(217) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA, ar chúiseanna a pléadh thuas, nár thacaigh táscairí díobhála le conclúid shealadach an Choimisiúin gur bhain díobháil do thionscal an Aontais.

(218) Thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh a rinne PTIA maidir le roinnt táscairí díobhála thuas, féach aithrisí (172) go (177), (187) go (188), (192) go (196), (199) agus (200), (206) go (207), agus (209) go (210). Cé is moite den bharúil maidir le sladghearradh, diúltaíodh do mhaímh PTIA. Lean na corrlaigh shladghearrtha athríofa de bheith ard, áfach, féach aithris (188).

(219) Dá bhrí sin, chloígh an Coimisiún leis an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(220) Tar éis an nochta shealadaigh, mhaígh PTIA nach ndearna an Coimisiún measúnú ceart ar thionchar an mhéadaithe ar mhéid na n-allmhairí agus nach raibh aon mhéadú mór ar mhéid na n-allmhairí de thionscnamh na Síne i ndáil le tomhaltas nó cainníocht táirgeachta in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Shroich allmhairí buaicphointe in 2022 le méadú 32 ach in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin ní raibh allmhairí ach 11 agus 16 níos airde ná mar a bhí in 2021, faoi seach. Bhí fadhb ag PTIA leis an ráiteas in aithris (324) den Rialachán sealadach go raibh monaróirí Síneacha ag méadú 'a méideanna allmhairí go leanúnach ar phraghsanna i bhfad níos ísle'.

(221) Agus measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar mhéid na n-allmhairí agus ar a dtionchar ar phraghsanna, shuigh sé gur tháinig méadú mór ar mhéid na n-allmhairí in 2022 agus gur tháinig méadú níos measartha air in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin i gcomparáid le 2021, ar phraghsanna a bhí ag laghdú go géar. Mar sin féin, léirigh na treochtaí sin, gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. D'ardaigh allmhairiú sraithadhmaid crua-adhmaid ón tSín i ndáil le tomhaltas an Aontais ó 18 in 2021, go 26 in 2022, agus go 29 in 2023, agus mhéadaigh sé arís go 31 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I ndáil le táirgeacht an Aontais, ba é 37 céatadán na n-allmhairí ón tSín in 2021 a d'fhás go 49, 44 agus 48 in 2022, 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin, faoi seach. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

5.2. Éifeachtaí tosca eile

(222) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA go raibh an méadú níos suntasaí ar chostais táirgthe thionscal an Aontais i ndáil lena phraghas díola mar thoradh ar theagmhais urghnácha amhail an méadú ar chostas na n-amhábhar, an cogadh san Úcráin agus an ghéarchéim fuinnimh a d'eascair as sin.

(223) Shuigh an Coimisiún go raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a mhéadú os cionn a chostais táirgthe in 2022. Mar sin féin, tar éis an mhéadaithe sin, tháinig laghdú ar phraghsanna díola agus d'fhan siad faoi bhun leibhéal na gcostas táirgthe. Bhí na costais táirgthe seasmhach in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. Ba í méid méadaitheach agus praghas laghdaitheach allmhairí Síneacha an ghné a raibh tionchar aici ar phraghsanna thionscal an Aontais lenar léiríodh athrú. Ar an mbonn sin, chloígh an Coimisiún lena chonclúid go raibh díobháil á déanamh ag allmhairí ón tSín do thionscal an Aontais.

(224) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh CEP nach ndearna an laghdú ar phraghsanna allmhairiúcháin difear do phraghsanna díola thionscal an Aontais mar nuair a tháinig laghdú mór ar phraghsanna allmhairiúcháin in 2023, bhí tionscal an Aontais in ann na praghsanna a mhéadú.

(225) Mar a leagtar amach cheana in aithrisí (306) agus (307) den Rialachán sealadach, chuir an laghdú ar phraghsanna allmhairí ón tSín cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a ardú os cionn a chostais táirgthe. Shuigh an Coimisiún gur léirigh maíomh CEP, i gcás ina raibh costais táirgthe ag méadú agus praghsanna allmhairiúcháin ag laghdú, go ndearna tionscal an Aontais iarracht a phraghsanna a ardú go leibhéil inbhuanaithe, ach nár éirigh leis an méid sin a dhéanamh, agus nár chuir an maíomh easpa cúisíochta in iúl.

(226) Tar éis an nochta shealadaigh, chun an easpa cúisíochta líomhnaithe a léiriú, rinne PTIA tagairt do shonraí costais táirgthe ón gcás maidir le sraithadhmad beithe ón Rúis ([91]), ina raibh ceann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais sa chás seo, is é sin Paged, mar chuid den sampla freisin.

(227) Measadh nach raibh an tagairt ábhartha toisc gur bhain sí le cás lena mbaineann tréimhse imscrúdaithe agus raon táirge difriúil.

(228) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA go raibh an méadú ar chostais táirgthe thionscal an Aontais chomh géar sin nach bhféadfaí é a chur ar aghaidh go hiomlán chuig custaiméirí i bhfoirm méaduithe ar phraghsanna. Ba é luas an mhéadaithe ar chostais seachas allmhairí Síneacha ar phraghas íseal a bheith ann a chuir cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a ardú go leibhéal brabúsach.

(229) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc go raibh méadú comhfhreagrach ar phraghsanna ag teacht leis an méadú radacach ar chostais táirgthe thionscal an Aontais in 2022 i gcomparáid leis an mbliain 2021, rud a léiríonn go bhféadfaí an méadú ar chostais táirgthe a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Thairis sin, níor féadadh méadú i bhfad níos lú ar chostais táirgthe in 2023 agus sa tréimhse imscrúdúcháin a chur ar aghaidh, rud a d'fhág go raibh brabúsacht thionscal an Aontais diúltach, mar a luaitear in aithris (288) den Rialachán sealadach.

5.3. Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

(230) Tar éis an nochta shealadaigh, chuir PTIA agus CEP an díobháil a bhain do thionscal an Aontais i leith an laghdaithe ar a fheidhmíocht onnmhairiúcháin.

(231) Shuigh an Coimisiún go ndearnadh níos mó ná 80 % de dhíolacháin thionscal an Aontais san Aontas agus go raibh onnmhairí brabúsach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise sciar na ndíolachán onnmhairiúcháin, níor measadh gur mhaolaigh a laghdú an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín.

5.4. Conclúid maidir le cúisíocht

(232) Rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar na dtosca aitheanta uile agus barúlacha na bpáirtithe leasmhara á gcur san áireamh, agus ba é a chonclúid nár mhaolaigh na tosca sin an nasc cúisíoch. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún na conclúidí in aithrisí (332) go (334) den Rialachán sealadach go raibh nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(233) Sa chás seo, mhaígh an gearánach go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála.

6.1. Corrlach díobhála

(234) Ar bhonn na sonraí ó bhunachar sonraí Surveillance 2, bhí méideanna na n-allmhairí ón tSín 82 % níos ísle le linn na tréimhse ceithre seachtaine roimh an réamhnochta ná meánmhéideanna na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin ar bhonn ceithre seachtaine. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár tháinig ardú substaintiúil ar na hallmhairí faoi réir an imscrúdaithe le linn na tréimhse réamhnochta.

(235) Dá bhrí sin, níor choigeartaigh an Coimisiún an leibhéal díothaithe díobhála i ndáil leis sin.

([91]) Féach fonóta 48.

(236) Mar a shonraítear in aithris (188), rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na corrlaigh dhíobhála. Dá bhrí sin, is mar a leanas atá an leibhéal díothaithe díobhála deiridh le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus le haghaidh na gcuideachtaí uile eile:

Tír	Cuideachta	Corrlach díobhála cinntitheach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	93,1
Daon-Phoblacht na Síne	Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	185,9

6.2. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

(237) In aithris (347) den Rialachán sealadach, suíodh go raibh na corrlaigh a bhí leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dhumpála.

(238) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil díothaithe díobhála ag an gcéim chinntitheach, lean na corrlaigh atá leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil de bheith níos airde ná na corrlaigh dhumpála. D'áitigh an Coimisiún gurbh iomchuí méid na ndleachtanna cinntitheacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

7. CONCLÚID MAIDIR LE LEIBHÉAL NA mBeart

(239) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Corrlach díobhála cinntitheach (%)	Corrlach dumpála cinntitheach (%)	Leibhéal dleachta cinntitheach (%)
Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	93,1	43,3	43,3
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	185,9	86,8	86,8

8. LEAS AN AONTAIS

8.1. Leas thionscal an Aontais

(240) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA nach chun leasa thionscal an Aontais é bearta a fhorchur ar shraithadhmad scannán-chlúdaithe ón tSín le haghaidh foirmeánachta, toisc nach bhfuil sé inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de do thionscal an Aontais é a tháirgeadh i bhfianaise na dteorainneacha a bhaineann le táirgeadh sraithadhmaid foirmeánachta san Aontas.

(241) Thug an Coimisiún dá aire gur féidir gráid éagsúla mharthanachta a bheith ag sraithadhmad scannán-chlúdaithe ón tSín, agus gur féidir cuid de a úsáid suas le deich n-uaire le haghaidh foirmeánachta. Tháirg tionscal an Aontais sraithadhmad scannán-chlúdaithe ag a bhfuil marthanacht ard agus marthanacht níos ísle araon agus úsáid á baint as speicis chrua-adhmaid éagsúla. Is léir gur chun leasa thionscal an Aontais é praghsáil chóir a athbhunú sa chuid sin den mhargadh sraithadhmaid scannán-chlúdaithe.

(242) A mhéid a bhaineann le sraithadhmad scannán-chlúdaithe lena mbaineann in-athúsáidteacht íseal, a úsáideann gnólachtaí tógála go príomha le haghaidh foirmeánachta, le linn freagra a thug ceann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais a fhíorú, rinneadh an maíomh, i gcás praghsáil chóir, go bhfuil an chuideachta in ann agus toilteanach é a tháirgeadh. Níl aon chúis amhrais ag an gCoimisiún maidir leis an ráiteas sonrach sin go háirithe ós rud é go bhféadfadh sraithadhmad feá a tháirgtear san Aontas a bheith ina rogha mhalartach inmharthana ar allmhairí scannán-chlúdaithe ón tSín lena mbaineann in-athúsáidteacht íseal, mar a mhínítear in aithris (73). Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint.

8.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(243) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh ISB, ar allmhaireoir neamhchomhlachaithe sampláilte de chuid an Aontais é, ina fhreagra ar an gceistneoir go mbeadh na bearta ina gcúis le ganntanas soláthair táirgí agus le méadú ar a bpraghas don tomhaltóir deiridh. D'áitigh Altripan, ar allmhaireoir neamhchomhlachaithe sampláilte eile de chuid an Aontais é, ina fhreagra ar an gceistneoir go mbeadh costais mhéadaithe roimh allmhaireoirí agus trádálaithe a bhíonn ag brath ar tháirgí de thionscnamh na Síne, rud a d'fhágfadh corrlaigh laghdaithe nó praghsanna níos airde do cheannaitheoirí iartheachtacha. Thacaigh Altripan le forchur dleachtanna frithdhumpála ar shraithadhmad beithe, ach mar bhall de PTIA, d'áitigh sé go n-eisiafaí sraithadhmad poibleoige agus eocalaipe, ar a dtugtar aghaidh i Roinn 2.1.1 agus i Roinn 2.5 den Rialachán sealadach. Chuir PTIA litreacha tacaíochta isteach ó allmhaireoirí agus úsáideoirí inar chuir siad i gcoinne fhorchur na mbeart ([92]). Bhí na litreacha sin bunaithe ar theimpléid choiteanna agus níor tacaíodh leo le fianaise bhreise.

(244) Mheas an Coimisiún, nuair a cuireadh toirmeasc ar shraithadhmad crua-adhmaid beithe ón Rúis agus ón mBealarúis le smachtbhannaí in 2022, gur cuireadh sraithadhmad crua-adhmaid eocalaipe in ionad an tsoláthair, go príomha ón tSín. I gcás ina mbeidh na bearta a fhorchuirtear ar shraithadhmad crua-adhmaid ón tSín san imscrúdú seo ina gcúis le suaitheadh sealadach i margadh an Aontais, beidh allmhaireoirí in ann brath ar fhoinsí soláthair san Áise Thoir Theas, san Afraic nó i Meiriceá Laidineach chun sraithadhmad crua-adhmaid a sholáthar in ionad allmhairí reatha ón tSín, i gcás inar mian le hallmhaireoirí agus/nó úsáideoirí brath ar fhoinse mhalartach soláthair.

(245) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh ISB go bhfágfadh soláthar teoranta lomán in ionaid táirgthe áirithe, go háirithe san Aontas, agus easpa a dtrádála ar fud an domhain, go mbeadh sé dodhéanta foinsí malartacha a aimsiú ar mhéid an tsraithadhmaid crua-adhmaid a sholáthraíonn an tSín faoi láthair. Chuir PTIA i dtábhacht go bhfuil sé sin fíor go háirithe maidir le sraithadhmad eocalaipe i gcás nach bhfuil sé d'acmhainn ag tionscal an Aontais painéil sraithadhmaid crua-adhmaid eocalaipe a sholáthar do mhargadh an Aontais mar gheall ar an easpa lomán eocalaipe.

(246) D'aimsigh an Coimisiún fianaise gur allmhairíodh chuig an Aontas sraithadhmad crua-adhmaid eocalaipe a táirgeadh sa tSín ó lomáin de thionscnamh Uragua, rud a léiríonn gurbh ann do thrádáil i lomáin agus go bhféadfaí an méid teoranta lomán atá ar fáil san Aontas a fhorlíonadh le hallmhairí. D'áitigh PTIA féin go mbraitheann an tAontas ar allmhairí chun sraithadhmad eocalaipe a tháirgeadh.

(247) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA nach ndearnadh freagraí ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe de chuid an Aontais a fhíorú.

(248) Fíoraíodh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe sampláilte a thug freagra iomlán ar an gceistneoir roimh an nochtadh deiridh.

(249) I bhfianaise an mhéid thuas, d'áitigh an Coimisiún gur mhó tairbhí foriomlána na mbeart ná an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu d'allmhaireoirí agus, dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (360) go (361) den Rialachán sealadach.

(250) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Andrex nach chun leas an Aontais é dleachtanna frithdhumpála a fhorchur ar chláir sraithadhmaid le haghaidh urláir coimeádán atá déanta go hiomlán as adhmad rubair. Bhí difríocht bhunúsach idir an táirge sin agus an sraithadhmad beithe, poibleoige nó eocalaipe arna mhonarú san Aontas. Ní raibh aon mhonaróir sraithadhmaid urláir coimeádán 28 mm déanta as adhmad rubair san Aontas. Mhaígh Andrex freisin go gcuirfeadh na bearta isteach ar thionscal deisiúcháin coimeádán an Aontais, go gcuirfeadh siad iallach ar oibreoirí coimeádáin chríochnaithe a allmhairiú in ionad coimeádáin atá ann cheana a dheisiú agus go mbainfeadh siad an bonn de chuspóirí gheilleagar ciorclach an Aontais faoin gComhaontú Glas.

([92]) Aighneacht PTIA uimh. t25.006824.

(251) Chinn an Coimisiún go raibh cláir sraithadhmaid le haghaidh urláir coimeádán atá déanta go hiomlán as adhmad rubair ina rogha mhalartach ar cháilíocht níos ísle ar shraithadhmad urláir coimeádán atá déanta as cearaing agus *apitong*, dhá speiceas thrópaiceacha a úsáidtear go forleathan le haghaidh urlár coimeádán ar an gcáilíocht is fearr. Bhí cláir sraithadhmaid le haghaidh urláir choimeádáin atá déanta go hiomlán as adhmad rubair in iomaíocht le sraithadhmad bambú agus urlárlach cruach le haghaidh coimeádán, rud a chuir roghanna malartacha ar fáil d'allmhaireoirí páirteanna coimeádán san Aontas. Shainaithin an Coimisiún UPM-Kymene Corporation na Fionlainne mar ghníomhaí suntasach sa tionscal urláir coimeádán agus trucailí ([93]) san Aontas, Overseas Hardwood Company sna Stáit Aontaithe ([94]) agus i roinnt cuideachtaí san India ([95]) a sholáthraíonn foinsí malartacha soláthair d'allmhaireoirí clár crua-adhmaid ar ardcháilíocht agus cáilíocht íseal le haghaidh urláir coimeádán san Aontas. Chomh maith leis sin, in éagmais comhair ag céim níos luaithe ó Andrex nó ó chuideachtaí eile atá ag feidhmiú san earnáil coimeádán, agus in éagmais faisnéise infhíoraithe dá bharr sin, ní raibh an Coimisiún in ann maímh Andrex a dheimhniú. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gur mhó tairbhí foriomlána na mbeart ná an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann d'allmhaireoirí sraithadhmaid crua-adhmaid le haghaidh urláir coimeádán.

8.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(252) Tar éis an nochta shealadaigh, rinne PTIA, le tacaíocht ó ETTF agus GD Holz, gearán nár cuireadh fianaise fhíor-riachtanach i bhfoirm litreacha tacaíochta ó úsáideoirí san áireamh ag an gcéim shealadach. Ina theannta sin, chuir PTIA litreacha tacaíochta breise isteach ó úsáideoirí.

(253) Scrúdaigh an Coimisiún na litreacha tacaíochta ó úsáideoirí ag an gcéim chinntitheach. Maidir leis na heintitis a chomhdaigh na litreacha sin, shuigh an Coimisiún nár chláraigh formhór acu mar pháirtithe leasmhara, go raibh cuid de na litreacha a líonadh isteach de láimh doléite agus gur dúblaigh a bhí i gcinn eile a bhí bunaithe ar theimpléad coiteann. Níor comhlánaíodh aon cheann de na litreacha le fianaise iarbhír chun tacú leis na ráitis atá iontu. Mar sin féin, maidir leis na húsáideoirí a chuir i gcoinne na bearta, a dhéanann ionadaíocht, den chuid is mó, ar an earnáil tógála agus a soláthróirí agus earnálacha eile a ndéantar ionadaíocht orthu sna litreacha cumhdaigh, tugadh aird chuí orthu i leith úsáideoirí tionsclaíocha, e.g. an tionscal iompair, agus úsáideoirí neamhthionsclaíocha, mar a mhínítear in aithris (20) agus (364) den Rialachán sealadach.

(254) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh ETTF agus PTIA go raibh an earnáil tógála ag streachailt san Aontas, agus go rachadh a gcruachás in olcas mar gheall ar an méadú ar chostas sraithadhmaid scannán-chlúdaithe. Ní mór don Aontas a áirithiú go rathófar fíorcheart uilíoch chun tithíochta – dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála ar shraithadhmad scannán-chlúdaithe ón tSín, thiocfadh méadú ar chostais tógála atá ar cheann de na príomhchúiseanna le géarchéim tithíochta an Aontais. Liostaigh PTIA roinnt céimeanna ón gCoimisiún Eorpach, ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ó Pharlaimint na hEorpa chun tacú lena seasamh.

(255) Scrúdaigh an Coimisiún an aighneacht agus maidir lena chinneadh sealadach, mar a thuairiscítear in aithris (364) den Rialachán sealadach, nach raibh ach cuid bheag de na costais fhoriomlána i gceist leis an speansas a bhain le sraithadhmad scannán-chlúdaithe le haghaidh foirmeánachta i dtionscadail tógála, shuigh sé go raibh an cinneadh sin fós fíor. Dá bhrí sin, aon mhéadú ar phraghas sraithadhmaid scannán-chlúdaithe a allmhairítear ón tSín d'úsáideoirí deiridh, ní bheidh ach tionchar beag aige ar chostas agus inacmhainneacht fhoriomlán na tithíochta agus ar an éileamh ar oibreacha foirgníochta. Ina theannta sin, bhí an margadh idirnáisiúnta sraithadhmaid crua-adhmaid éagsúil agus solúbtha, ina raibh gníomhaithe ón Indinéis go hUragua, ar féidir leo codanna éagsúla de mhargadh an Aontais a sholáthar ar phraghsanna iomaíocha agus cothroma. Thairis sin, níor measadh go raibh leibhéal na ndleachtanna a forchuireadh san imscrúdú seo toirmeascach ionas gur féidir le hallmhaireoirí leanúint de bheith ag foinsiú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha ar phraghsanna cothroma.

(256) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA nár nocht an Coimisiún na ríomhanna a thacaíonn leis na torthaí gur sciar beag de na costais fhoriomlána a bhí sna costais a bhain le sraithadhmad scannán-chlúdaithe le haghaidh foirmeánachta i dtionscadail tógála.

([93]) https://pmarketresearch.com/hc/container-flooring-plywood-market/
([94]) https://www.ohc.net/product/container-flooring/#
([95]) Mar shampla, Yamunagar Company, https://plyxpert.com/our-factory/

(257) Ag an gcéim shealadach, chinn an Coimisiún, i gcás fhormhór na n-úsáideoirí tionsclaíocha, nach bhfuil costas na bpainéal sraithadhmaid crua-adhmaid a úsáidtear le haghaidh foirmeánachta i dtionscadail tógála an-mhór i ndáil lena gcostais iomlána, mar a luaitear in aithris (364) den Rialachán sealadach. Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair PTIA fianaise dá mhalairt. Ina theannta sin, ní dhearna aon pháirtí leasmhar agóid ag an réamhchéim in aghaidh réamhchinneadh an Choimisiúin go raibh na costais a bhaineann le sraithadhmad scannán-chlúdaithe le haghaidh foirmeánachta íseal. Níos tábhachtaí fós, níor chuir páirtithe leasmhara i gcoinne an toraidh sin, lena n-áirítear nuair a d'ardaigh an Coimisiún an tsaincheist maidir le tionchar na mbeart ar thionscadail tógála le linn na cuairte fíorúcháin ar fhreagra na n-allmhaireoirí sampláilte ar an gceistneoir, lena n-áirítear comhalta de chuid PTIA. Ina theannta sin, níor chláraigh aon chuideachta tógála mar pháirtí leasmhar a sholáthraíonn fianaise ar chion beacht an tsraithadhmaid scannán-chlúdaithe le haghaidh costais foirmeánachta ina cuid tionscadal. I bhfianaise an mhéid thuas, diúltaíodh don argóint.

(258) I bhfianaise an mhéid thuas, d'áitigh an Coimisiún gur mhó tairbhí foriomlána na mbeart ná an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann d'úsáideoirí agus, dá bhrí sin, deimhníodh na conclúidí in aithrisí (362) go (364) den Rialachán sealadach.

8.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(259) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ann lena rialú gur léir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí sraithadhmaid crua-adhmaid de thionscnamh na Síne.

(260) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh PTIA, ag an gcéim shealadach, nach ndearnadh tuairimí na n-úsáideoirí, san earnáil tógála den chuid is mó, a thacaíonn le PTIA a mheas ar chor ar bith agus nach ndearnadh aon anailís díobhála in aghaidh na deighleoige táirge, agus d'fhág na heasnaimh líomhnaithe sin nach raibh an measúnú a rinne an Coimisiún ar leas an Aontais leordhóthanach.

(261) Bréagnaíodh an argóint maidir le tuairimí úsáideoirí san earnáil tógála in aithrisí (29) agus (253). Bréagnaíodh an argóint maidir leis an ngá atá le hanailís díobhála dheighilte a dhéanamh in aithrisí (181) agus (212). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nach leor an anailís ar leas an Aontais.

(262) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Saintland Wood nach chun leas an Aontais é allmhairí ón Áise Thoir Theas agus ó Mheiriceá Theas a chur in ionad táirgí sraithadhmaid ón tSín, ar áiteanna iad ina raibh leibhéal cosanta an chomhshaoil níos ísle i gcomparáid leis an tSín, agus nár bainistíodh foraoisí ar bhealach inbhuanaithe.

(263) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc nach é cuspóir na mbeart foinsí eile a chur in ionad shraithadhmad de chuid na Síne ach cothrom iomaíochta a athbhunú. Thug an Coimisiún dá aire, le linn fhíorú na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe, go raibh cáiliú allmhairí na Comhairle um Maoirseacht Foraoisí ('FSC') ([96]) forleathan ar leibhéal na cuideachta aonair toisc gur éiligh tomhaltóirí i margadh an Aontais é. Dá gcuirfí an Áise Thoir Theas agus Meiriceá Theas in ionad allmhairí ón tSín, mheas an Coimisiún go mbeadh brú ar na hiontrálaithe nua na ceanglais chéanna a chomhlíonadh.

9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

9.1. **Bearta cinntitheacha**

(264) Ar bhonn na gconclúidí ar ar thángthas orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart bearta frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte an táirge lena mbaineann.

([96]) https://fsc.org/en/businesses/wood.

(265) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála cinntitheacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)
Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	43,3	93,1	43,3
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	86,8	185,9	86,8

(266) An dleachtráta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh é ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú é ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis an gcuideachta sin. Dá bhrí sin, tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag an eintiteas dlítheanach ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhiú de na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne'.

(267) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an t-iarratas a chur chuig an gCoimisiún ([97]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(268) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(269) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(270) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann an chuideachta a thairbhíonn den dleachtráta aonair is ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha chun déanamh amhlaidh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtráta(í) aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(271) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis an dleacht frithdhumpála le haghaidh gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

([97]) Ríomhphost: TRADE-TDI-NAME-CHANGE-REQUESTS@ec.europa.eu; European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Wetstraat/Rue de la Loi 170, 1040 Brussel/Bruxelles, BELGIË/BELGIQUE.

(272) Is minic a chuirtear staidreamh sraithadhmaid crua-adhmaid in iúl i m3. Tá aonad forlíontach ann le haghaidh chóid AC 4412 31 10, 4412 31 90, 4412 33 10, 4412 33 10, 4412 33 20, 4412 33 30, 4412 33 90, agus 4412 34 00 le haghaidh an tsraithadhmaid crua-adhmaid a shonraítear san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([98]). Dá réir sin, tá an t-aonad forlíontach m^3 infheidhme maidir le cóid TARIC 4412 31 10 80, 4412 31 90 00, 4412 33 10 12, 4412 33 10 22, 4412 33 10 82, 4412 33 20 10, 4412 33 30 10, 4412 33 90 10 agus 4412 34 00 10 agus ní mór é a chur isteach sa dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ba cheart an meáchan in kg nó i dtonaí a léiriú go neamhspleách ar an aonad forlíontach (i.e. an uimhir in m^3).

9.2. **Bailiúchán cinntitheach na ndleachtanna sealadacha**

(273) I bhfianaise na gcorrlach dumpála a cinneadh agus an leibhéil díobhála a rinneadh do thionscal an Aontais, ba cheart na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na ndleachtanna frithdhumpála sealadacha arna bhforchur leis an Rialachán sealadach a bhailiú go cinntitheach suas go dtí na leibhéil a bhunaítear faoin Rialachán seo.

9.3. **Cúlghabhálacht**

(274) Mar a luaitear i Roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge faoi imscrúdú faoi réir a gcláraithe.

(275) Le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, rinneadh na sonraí a bailíodh i gcomhthéacs an chláraithe a mheasúnú. Rinne an Coimisiún anailís lena fháil amach ar comhlíonadh na critéir faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán maidir le bailiú cúlghabhálach na ndleachtanna cinntitheacha.

(276) Ní raibh aon mhéadú suntasach breise ar allmhairí sa bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Agus meánmhéid allmhairí míosúla an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin á chur i gcomparáid leis na meánmhéideanna allmhairí míosúla le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo (i.e. mí na Samhna 2024) suas go dtí an mhí inar forchuireadh bearta sealadacha agus an mhí sin san áireamh (i.e. mí an Mheithimh 2025), féadadh laghdú 39 ar leibhéal na n-allmhairí isteach san Aontas a thabhairt faoi deara.

	Allmhairí ón tSín i dtonaí
Meán míosúil le linn na tréimhse imscrúdúcháin	37 798
Meán míosúil 11/2024 - 6/2025	22 892

(277) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh an gearánach nár cuireadh san áireamh i measúnú an Choimisiúin ar na coinníollacha cúlghabhálachta, go háirithe an ceathrú coinníoll in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán, allmhairí a thagann isteach san Aontas faoi chóid AC ex 4412 10 00 agus ex 4412 39 00 (cóid TARIC 4412 10 00 10 agus 4412 39 00 20) ar tugadh faireachán isteach ina leith tar éis fhorchur na mbeart sealadach agus Airteagal 1(5), de.

(278) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc gur thagair an ceanglas maidir le méadú suntasach breise ar allmhairí in Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán don táirge faoi imscrúdú. Bhí na táirgí a ndearnadh faireachán orthu, a rinneadh as bambú nó bogadhmad, lasmuigh de raon táirgí an imscrúdaithe agus níorbh ann dá gcóid chustaim, a cruthaíodh leis an Rialachán sealadach, le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir an t-athrú líomhnaithe ar phatrún na n-allmhairí a chur san áireamh agus comparáid á déanamh idir meánmhéideanna míosúla allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus na meánmhéideanna allmhairí míosúla le linn na tréimhse ón mí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe seo.

([98]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

10. **FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR ALLMHAIRÍ**

(279) In aithris (382) den Rialachán sealadach, chinn an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar allmhairí a aicmítear faoi chóid TARIC nuachruthaithe laistigh de chóid AC 4412 10 00 agus 4412 39 00, i bhfianaise imchéimniú líomhnaithe arb é atá ann sraitheanna seachtracha an-tanaí de veinír bhogadhmaid a chur ar an veinír aghaidhe sraithadhmaid crua-adhmaid.

(280) Tar éis an nochta shealadaigh, d'áitigh PTIA agus an t-allmhaireoir agus mórdhíoltóir neamhchomhlachaithe Ljungberg Fritzoe, faoi seach, nach cleachtas nua a bhí i sraithadhmad a allmhairiú a bhfuil an dá shraith sheachtracha déanta as adhmad buaircíneach agus a bhfuil sraitheanna d'adhmad neamhbhuaircíneach iontu ós rud é gur allmhairigh sé an cineál sraithadhmaid sin san am a chuaigh thart. D'áitigh Ljungberg Fritzoe go raibh cuspóir sonrach ag an gcineál sraithadhmaid sin ('K-plywood Twin') ar an margadh, ós rud é, mar gheall ar a mheáchan éadrom agus a chomhdhéanamh ábhair, go raibh sé an-oiriúnach do raon leathan feidhmeanna inmheánacha agus neamhstruchtúracha. Mar sin féin, bhain a phríomhúsáid le tógáil ballaí, mar phainéal balla taobh thiar de chlár gipsim. Dá bhrí sin, mheas sé nach frith-imchéimniú a bhí sa chleachtas, in éagmais athrú ar phatrún trádála. D'áitigh sé ar an gCoimisiún freisin cur chuige comhsheasmhach agus faichilleach a chur i bhfeidhm maidir le raon táirgí, ós rud é, i bhfianaise an imscrúdaithe chomhthráthaigh lena gcumhdaítear sraithadhmad bogadhmaid ón mBrasaíl, go raibh an baol ann go mbainfí an bonn den deimhneacht dhlíthiúil d'allmhaireoirí agus go lagófaí soiléireacht chreat leighis trádála an Aontais mar thoradh ar leathnú gan údar ar an gcás reatha. Liostaigh PTIA roinnt táirgí ó thionscal an Aontais lena gcomhcheanglaítear bogadhmad agus crua-adhmad mar chruthúnas líomhnaithe gur cleachtas coitianta é sraitheanna seachtracha an-tanaí de veinír bhogadhmaid a chur ar veinír aghaidhe sraithadhmaid crua-adhmaid.

(281) Mheas an Coimisiún nár chruthaigh na haighneachtaí sin aon chúis chun deireadh a chur leis an bhfaireachán ar allmhairí an chineáil táirge sin. Mar sin féin, déanfar na gnéithe sin a mheas in aon ghníomhaíocht leantach a bhféadfaidh an Coimisiún dul ina muinín amach anseo agus a bhaineann le gníomhaíochtaí imchéimnithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

11. **FORÁIL CHRÍOCHNAITHEACH**

(282) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sraithadhmaid arb é atá iontu leatháin adhmaid seachas bambú agus gabúnach, nach mó ná 6 mm ar tiús gach sraith díobh, ag a bhfuil sraith sheachtrach amháin ar a laghad d'adhmad trópaiceach nó d'adhmad neamhbhuaircíneach, de speicis a shonraítear faoi fho-cheannteidil 4412 31, 4412 33 agus 4412 34, bídís brataithe nó éadanchumhdaithe nó ná bídís, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC agus TARIC 4412 31 10 80, 4412 31 90 00, 4412 33 10 12, 4412 33 10 22, 4412 33 10 82, 4412 33 20 10, 4412 33 30 10, 4412 33 90 10, agus 4412 34 00 10, agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Pizhou Jiangshan Wood Co., Ltd	43,3	89MK
Daon-Phoblacht na Síne	Gach cuideachta eile	86,8	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm an dleachtráta aonair a sonraíodh le haghaidh na cuideachta a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa/i [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.*' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. I gcás ina dtíolacfar dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht i ndáil leis an táirge dá dtagraítear i mír 1, gan beann ar a thionscnamh, déanfar méid na dtáirgí a allmhairítear a iontráil i méadair chiúbacha i réimse ábhartha an dearbhaithe sin.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas, ar bhonn míosúil, faoi líon na méadar ciúbach a allmhairítear faoi chóid AC agus TARIC 4412 31 10 80, 4412 31 90 00, 4412 33 10 12, 4412 33 10 22, 4412 33 10 82, 4412 33 20 10, 4412 33 30 10, 4412 33 90 10, agus 4412 34 00 10.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar allmhairí sraithadhmaid a bhfuil an dá shraith sheachtracha déanta as adhmad buaircíneach nó bambú agus a bhfuil sraitheanna speiceas iontu a shonraítear faoi fho-cheannteidil 4412 31, 4412 33 agus 4412 34, bídís brataithe nó cumhdaithe ar an dromchla nó ná bídís, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 4412 10 00 agus ex 4412 39 00 (cóid TARIC 4412 10 00 10 agus 4412 39 00 20).

6. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Na méideanna arna n-urrú trí bhíthin na dleachta frithdhumpála sealadaí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1139 déanfar iad a bhailiú go cinntitheach. Na méideanna arna n-urrú de bhreis ar an dleacht frithdhumpála, déanfar iad a scaoileadh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN